2004

Oifig Achomhairc
Leasa Shóisialaigh
Tuairisc Bhliantúil

Clár Ábhair

Réamhrá	02
Staitisticí agus Anailís 2004	03
Riarachán	08
Cruinnithe agus Comhairlí	09
Imeachtaí Cúirte	12
Cás Staidéir	13
Cairt Eagraíochta	24

SOCIAL WELFARE
APPEALS
OFFICE

Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh
Teach D'Olier
Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
Telefón: LoCall 1890 74 74 34
Fax: 01 671 8391
e-mail: swappeals@welfare.ie

Don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, An tUasal Séamus Ó Braonáin, TD.

De réir na forálacha de Alt 254(1) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, cuirim isteach tuarascáil na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh do 2004.

Brian Ó Floinn
Príomh Oifigeach Achomhairc
Meitheamh 2005

PRN.A5/0581

Réamhrá

Iarrann an Oifig Achomhairc ar gach duine a úsáideann a seirbhísí a sholáthar le heachtra a thugann meas ar a gcearta agus a ndínit. Tá sé mar aidhm ag an oifig, seirbhís a thairgeadh a bhfuil cothrom, cairdiúil, soghluaiste, agus thar gach rud eile, proifisiúnta le béim áirithe ar cheart nádúrtha.

Socraítear achomhairc chomh tapaigh agus is féidir ach de bharr a nádúr ní féidir deifir a chur orthu i slí a bhaineann ó na prionsabail de mhodh cothrom. Tá gach achomharc uathúil. Tá a riachtanais féin ag gach catagóir de shórt achomhairc. De bharr na cúiseanna sin níl an lua de mheán am glanta in aghaidh an achomhairc cabhrach ar leith.Táimid i gcónaí ag iarraidh amanna próiseála a laghdú, áfach.

An rud a rathaímid is láidre ná go mbeidh gach uile achomharc socraithe i slí a bhfuil saor ar fad ó gach tionchar míchuí. Feidhmíonn an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh mar aonad neamhspleách agus iarrann sé a chinntiú go bhfaigheann achomharcóirí cinntí nach bhfuil comhréitithe in aon slí in aon chor ag dearcadh mí-oiriúnach. Cé go bhfuil sé dóchúil go mbeidh na daoine a bhuann a gcuid achomhairc níos sásta lena dtaithí dár gcóras ná na ndaoine nach mbuann, tá súil againn go mbeidh an ceann deiridh a luadh in ann ionracas ár gcur chun cinn a ghlacadh.

Leagann an tuarascáil seo ár staitisticí ábhartha do 2004 amach agus léiríonn sé claonadh atá comhsheasmhach le blianta deireanacha. Tá líon na n-achomharc atá curtha isteach síos ar an mbliain roimhe ach tá dul chun cinn ag laghdú an líon ar láimh ag deireadh na bliana teorannach toisc athruithe foirne. Tá súil le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i 2005.

Tá suíomh idirlín nua na hOifige Achomhairc á chruthú faoi láthair. Tá sé beartaithe trasghearradh maith de chásanna staidéir a fhoilsiú ar an suíomh. Ligfidh sé seo do pháirtithe a bhfuil suim acu ann teacht ar i bhfad níos mó cinntí ná mar is féidir faoi láthair i gcomhthéacs tuarascáil bhliantúil (ina bhfuilimid in ann líon beag de chásanna a fhoilsiú)

Tá an tuarascáil seo á fhoilsiú i bhfoirm dátheangach don chéad uair. Tá mé sásta fáilte a chur roimh an bhforbairt thábhachtach seo.

Staitisticí agus Anailís 2004

Achomhairc faighte

Léirigh líon na n-achomharc faighte i rith 2004 (14,803) laghdú de 1,141 (7.5%) ar fháltais do 2003 (15,224).

Le na 14,083 achomharc faighte i 2004 agus an 5,331 achomharc ar láimh ar 1 Eanáir, sheas sé seo do ualach oibre iomlán de 19,414 achomharc. (Bhí 6,156 achomharc ar láimh ag tosach 2003 a sheas, le chéile le fáltais de 15,224, do ualach oibre iomlán de 21,380 don bhliain sin)

Bhí laghduithe suntasacha i líon na n-achomharc faighte do roinnt sóirt scéimeanna; m.sh., Sochar Míchumais síos 15% go 3,071, Sochar Dífhostaíochta síos 13% go 1,421, Maoine Cúnaimh Dhífhostaíochta síos 22% go 907 agus Slite Beatha síos 26% go 598.

An t-aon scéim chun méadú suntasach in uimhreacha a thaispeáint ná Sochar Linbh nuair a chuaigh líon na n-achomharc suas go 324, méadú de 283%.

Achomhairc Diúscartha

I rith 2004 chuaigh líon na n-achomharc diúscartha (14,809) thar líon na n-achomharc faighte (14,803) faoi 6 amháin. Tá líon na n-achomharc ar láimh ag deireadh 2004 tite, dá bhrí sin, go 5,325. (Bhí 5,331 achomharc ar láimh ag deireadh 2003) – [Ó 1995, chuaigh líon na n-achomharc diúscartha thar fáltais don chéad uair i 2001 agus lean sé mar seo suas go 2004].

As na 14,089 achomharc diúscartha i rith 2004, socraíodh 8,696 (61.7%) ag Oifigeach Achomhairc, réitíodh 3,550 (25.2%) de réir cinnidh athbhreithnithe ag Oifigeach Cinnidh, agus d'aistarraingíodh an 1,843 (13.1%) cás a bhí fágtha.

Cinneadh ag Oifigigh Achomhairc:

De na 14,089 achomharc diúscartha i 2004, shocraigh Oifigeach Achomhairc 8,696 (61.7%) dóibh. I 2003 ba é 9,908 (61.7%) líon na n-achomharc a shocraigh Oifigigh Achomharc.

- As an 8,696 achomharc a bhí socraithe ag Oifigeach Achomharc, ligeadh do 2,652 (30.5%) i bhfabhar iomlán an achomharcóra - (28.3% i 2003)
- Ligeadh do 363 cás breise (4.2%) i bpáirt le roinnt fheabhsuithe déanta i bhfabhar an achomharcóra (5% i 2003)
- Sna 5,681 (65.3%) achomharc a bhí fágtha a shocraigh Oifigeach Achomharc, breithníodh go raibh an cinneadh tionscantach i gceart agus níor ceadaíodh an achomharc – (66.7% i 2003).

As na 8,696 achomharc a bhí socraithe ag Oifigeach Achomharc, lean 6,051 (69.6%) éisteacht bhéil den achomharc. [As seo, bhí toradh fabhrach ag 2,632 (43.5%) don achomharcóir]. Déileáladh leis an 2,645 (30.4%) achomharc a bhí fágtha ag Oifigeach Achomhairc trí chinneadh achoimre. [As seo, bhí toradh fabhrach ag 383, (14.5%) don achomharcóir].

Toradh ar na hAchomharc go léir:

- De na 14,089 achomharc diúscartha bhí toradh 'fabhrach' don achomharcóir ag 6,565 (46.6%) dóibh (Ceadaithe, Ceadaithe i bPáirt agus Cinneadh Leasaithe ag Oifigeach Cinnidh)- (43.8% i 2003)
- Bhí cinneadh 'neamhfhabhrach' (Dícheadaithe) ag 5,681 (40.3%) de na hachomhairc – (41.2% i 2003)
- agus bhí 1,843 (13.1%) breise tarraingthe siar nó níor tóraíodh iad ag an achomharcóir (Tarraingthe siar) – (15% i 2003)

Achomhairc de réir Inscne

Léiríonn briseadh síos de achomharc faighte de réir inscne (gan achomhairc faighte ó aonáin corparáideacha san áireamh) go raibh an céatadán de achomharc ó fhir agus mhná mar 42.8% agus 57.2% faoi seach. As seo, bhí 43.1% de fhir agus 49.4% de mhná rathúil ina n-achomhairc.

Achomhairc ar siúl agus Amanna Glanta

Bhí na hachomhairc a bhí ar láimh ag deireadh na bliana ag céimeanna éagsúla den phróiseas gnásúil mar seo a leanas (figiúirí 2003 i lúibíní):

• Cinneadh le bheith curtha in iúil agus an achomharc le bheith dúnta	88	(47)
• Éisteachtaí béil sceidealta do na seachtainí atá le teacht	192	(309)
• Obair ar siúl ins an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh	2,199	(1,816)
• Obair ar siúl sna Seirbhísí Leasa Shóisialaigh	2,445	(2,661)
• Fanacht le freagra ón Achomharcóir	401	(498)
Iomlán:	**5,325**	**(5,331)**

I rith na bliana ba é díreach thar 20 seachtain (20.08) an mheán ama a tógadh chun gach achomharc a phróiseáil. As seo, bhí níos lú na 8 seachtain (7.9 seachtain) inchurtha do phróiseas san Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh, tá 2 seachtain ina raibh freagraí fanta ó achomharcóirí agus na 10 seachtain a bhí fágtha inchurtha do na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh.

Má déantar liúntas do na 25% cásanna is faide, is é 12.23 seachtain an mheán ama a thógann sé chun gach achomharc a phróiseáil.

Tá tuileadh eolais staitistiúil soláthartha sna táblaí a leanas 1,2,3 agus 4.

Tábla 1: Achomhairc faighte agus diúscartha – 2004

	Ar Siúl 01 Ean 04	Fáiltais	Cinneadh Déanta Oifigeach Achomhairc	Cinneadh Athbhreithnithe Oifigeach Cinnidh	Aistarraingte	Ar Siúl 31 Nol 04
Pinsin Seanaoise	139	328	262	40	27	138
Pinsin Scoir	13	39	20	4	13	15
Liúntais Réamh-Scoir	5	21	12	3	1	10
Pinsin Seanaoise (Ranníocach)	117	104	53	16	24	128
Sochar Míchumais	1,272	3,071	1,107	1,373	795	1,068
Pinsin Easláinte	234	519	276	151	50	276
Liúntas Míchumais	802	2,252	954	795	502	803
Sochair Dhíobhála Ceirde	259	470	361	26	36	306
Sochar Cóireála	2	50	30	11	0	11
Sochar Dífhostaíochta	388	1,421	1,210	167	72	360
Cúnamh Dífhostaíochta (Íocaíochtaí)	318	1,956	1,594	149	63	468
Cúnamh Dífhostaíochta (Maoine)	268	907	684	109	92	290
Pinsin Bhaintrí/Bhaintrí Fir agus Dhílleachta	29	64	49	11	2	31
Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora	950	1,271	1,075	301	80	765
Sochar Máithreachais	4	14	10	4	0	4
Sochar Linbh	14	324	114	47	12	165
Liúntais agus Sochar Cúramóra	275	598	318	281	25	249
Forlíontach Ioncaim Teaghlaigh	26	47	23	19	6	25
Cúnamh Feirme/Éisc	61	107	86	32	11	39
Liúntais Leasa Forlíontacha	38	370	325	5	13	65
Liúntas Cíosa (Acht na dTeaghaisí Príobháideacha ar Cíos)	0	0	0	0	0	0
Gaolta dlíte (ranníocaíochtaí)	6	5	5	0	0	6
Inárachais na Fostaíochta	111	145	128	6	19	103
Iomláin	**5,331**	**14,083**	**8.696**	**3,550**	**1,843**	**5,325**

Tábla 2: Achomhairc faighte 1998 – 2004

	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004
Pinsin Seanaoise (Neamh-Ranníocacha) agus Pinsin na nDall	570	503	558	575	433	376	328
Pinsin Scoir	29	29	23	25	33	46	39
Liúntais Réamh-Scoir	81	38	48	32	28	24	21
Pinsin Seanaoise (Ranníocacha)	98	87	77	106	239	155	104
Sochar Míchumais	3,813	3,917	3,968	3,434	3,284	3,634	3,071
Pinsean Easláinte	543	554	626	491	509	529	519
Liúntas Míchumais	1,254	1,302	1,750	1,861	1,832	2,257	2,252
Sochair Dhíobhála Ceirde	793	741	806	677	575	503	470
Sochar Cóireála	1	1	5	3	4	9	50
Sochar Dífhostaíochta	1,370	1,738	2,481	1,881	1,588	1,626	1,421
Cúnamh Dífhostaíochta (Íocaíochtaí)	1,157	1,865	2,821	2,262	1,983	1,874	1,956
Cúnamh Dífhostaíochta (Maoine)	2,911	2,246	1,757	1,511	1,511	1,167	907
Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora	578	597	779	762	840	1,348	1,271
Sochar Máithreachais	14	20	16	9	9	10	14
Sochar Linbh	116	85	50	56	46	41	324
Liúntas agus Sochar Cúramóra	285	756	1,009	1,334	1,376	812	598
Forlíontach Ioncaim Teaghlaigh	64	57	63	78	72	43	47
Cúnamh Feirme/Éisc	0	481	298	157	134	127	107
Liúntais Leasa Forlíontacha	115	213	239	354	289	433	370
Liúntas Cíosa (Acht na dTeaghaisí Príobháideacha ar Cíos)	1	2	1	2	0	0	0
Gaolta Dlíte (ranníocaíochtaí)	0	3	18	117	6	7	5
Inárachais na Fostaíochta	96	127	106	92	120	139	145
Iomláin	**14,014**	**15,465**	**17,650**	**15,961**	**15,017**	**15,224**	**14,083**

Tábla 3: Toradh na hachomharc de réir catagóire – 2004

	Ceadaithe	Ceadaithe i bPáirt	Cinneadh OC Althbhreithnithe	Neamhcheadaithe	Aistarraingte	Iomlán
Pinsin Seanaoise (Neamh-Ranníocacha) agus Pinsin na nDall	61 19%	27 8%	40 12%	174 53%	27 8%	329
Sochar Míchumais	573 17.5%	14 0.4%	1,373 41.9%	520 15.9%	795 24.3%	3,275
Pinsean Easláinte	150 31.4%	0 0%	151 31.7%	126 26.4%	50 10.5%	477
Liúntas Míchumais	375 16.7%	26 1.2%	795 35.3%	553 24.6%	502 22.3%	2,251
Sochair Dhíobhála Ceirde	180 42.6%	54 12.8%	26 6.1%	127 30%	36 8.5%	423
Sochar Dífhostaíochta	311 21.5%	49 3.4%	167 11.5%	850 58.7%	72 5%	1,449
Cúnamh Dífhostaíochta (Íocaíochtaí)	287 15.9%	42 2.3%	149 8.3%	1,265 70%	63 3.5%	1,806
Cúnamh Dífhostaíochta (Maoine)	110 12.4%	52 5.9%	109 12.3%	522 59%	92 10.4%	885
Pinsin Bhaintrí/Bhaintrí Fir agus Dhílleachta	16 25.8%	3 4.8%	11 17.7%	30 48.4%	2 3.2%	62
Íocaíochtaí do Theaghlaigh Aontuismitheora	331 22.7%	37 2.5%	301 20.7%	707 48.6%	80 5.5%	1,456
Liúntais Chúramóra	105 16.8%	12 1.9%	281 45%	201 32.2%	25 4%	624
Forlíontach Ioncaim Teaghlaigh	5 10.4%	3 6.3%	19 39.6%	15 31.3%	6 12.5%	48
Cúnamh Feirme/Éisc	13 10.1%	17 13.2%	32 24.8%	56 43.4%	11 8.5%	129
Liúntais Leasa Forlíontacha	83 24.2%	14 4.1%	5 1.5%	228 66.5%	13 3.8%	343
Inárachais na Fostaíochta	35 22.9%	11 7.2%	6 3.9%	82 53.6%	19 12.4%	153
Achomhairc Eile [PSA(R) Liúntais Réamh-Scoir, Sochar Cóireála, srl]	17 4.5%	2 0.5%	85 22.4%	225 59.4%	50 13.2%	379
Iomláin	**2,652** **18.8%**	**363** **2.6%**	**3,550** **25.2%**	**5,681** **40.3%**	**1,843** **13.1%**	**14,089**

Tábla 4: Achomhairc ar siúl ag 31 Nollaig 1998 – 2004

	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004
Pinsin Seanaoise (Neamh-ranníocacha) agus Pinsin na nDall	229	275	263	332	212	139	138
Pinsin Scoir	13	10	12	13	18	13	15
Liúntais Réamh-Scoir	23	21	36	14	4	5	10
Pinsin Seanaoise (Ranníocacha)	30	43	47	72	179	117	128
Sochair Míchumais	1,696	1,770	1,676	1,522	1,374	1,272	1,068
Pinsean Easláinte	231	254	352	272	227	234	276
Liúntas Míchumais	625	695	946	852	857	802	803
Sochair Dhíobhála Ceirde	521	522	489	429	358	259	306
Sochar Cóireála	1	1	4	0	2	2	11
Sochar Dífhostaíochta	448	618	682	582	432	388	360
Cúnamh Dífhostaíochta (Íocaíochtaí)	387	686	719	607	541	318	468
Cúnamh Dífhostaíochta (Maoine)	950	644	593	392	405	268	290
Pinsin Bhaintrí agus Dhílleachta	58	64	113	86	62	29	31
Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora	340	379	568	722	658	950	765
Sochar Máithreachais	8	7	5	3	6	4	4
Sochar Linbh	41	33	18	25	23	14	165
Liúntais Chúramóra	133	449	691	749	514	275	249
Forlíontach Ioncaim Teaghlaigh	46	19	40	43	31	26	25
Cúnamh Feirme/Éisc	0	301	116	52	57	61	39
Liúntais Leasa Forlíontach	14	34	50	44	42	38	65
Liúntas Cíosa (Acht na dTeaghaisí Priobháideacha ar Cíos)	1	0	0	0	0	0	0
Gaolta Dlíte (ranníocaíochtaí)	0	2	7	58	28	6	6
Inárachais na Fostaíochta	84	120	110	104	126	111	103
Iomláin	**5,879**	**6,947**	**7,537**	**6,973**	**6,156**	**5,331**	**5,325**

Riaracháin

Acmhainní

Leagann amach an Cairt Eagraíochta ar leathanach 24 struchtúr na hoifige. D'fhan uimhreacha foirne seasmhach go leor i rith na bliana. Ag deireadh na bliana bhí 18 Oifigeach Achomhairc ag obair (comhionann lánaimseartha 16.3), chomh maith le 42 foireann riaracháin (comhionann lánaimseartha 35.95). Tógann an Phríomh Oifigeach Achomhairc, an Leas-Phríomh Oifigeach Achomhairc agus an Bainisteoir Oifige an fhoireann iomlán suas go 63 duine.

I rith na bliana d'éirigh beirt Oifigeach Achomhairc - Marie McArdle agus Frank Conway – as a bpoist agus ba mhaith liom an seans seo a thógáil chun buíochas a gabháil leo as a ranníocaíocht d'obair na hOifige le linn a ama anseo.Táim, ar ndóigh, buíoch as an ranníocaíocht den fhoireann go léir san Oifig agus dá n-iarrachtaí leantacha neamhghlana a dhéanann siad chun an tseirbhís achomhairc a sholáthar.

Ionaid Achomhairc

I mBaile Átha Cliath, as a dtagann beagnach aon tríú de na hachomhairc, bíonn na héisteachtaí ar siúl i dTeach D'Olier, Sráid D'Olier. Ar fud an chuid eile den tír bíonn na héisteachtaí ar siúl i timpeall 70 ionad difriúil. As na 8,696 achomharc a bhí socraithe i 2004 ag Oifigeach Achomhairc bhí éisteachtaí béil ag teastáil ó 6,051 dóibh. Socraíodh an chuid eile go hachoimre.

Saoráil Faisnéise

I rith na bliana fuarthas 49 iarratas foirmiúil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Bhí trí iarratas bainteach le heolas neamh-phearsanta, bhí an chuid eile i leith eolais pearsanta.

Comhfhreagras agus Ceisteanna Parlaiminteacha

Comhfhreagras:

I rith na bliana fuarthas 2,359 (2,797 i 2003) fiosruithe agus ionadaíochta ar son achomharcóirí, laghdú de 438 ar an bhfigiúir do 2003.

Ceisteanna Parlaiminteacha:

Nuair a chuirtear Ceist Pharlaiminteach isteach ar chás a bhfuil mar ábhar achomhairc faoi láthair, déileáiltear leis an gceist ag an Oifig seo. I rith 2004, fuarthas 203 Ceist (240 i 2003) maidir le:

Cúnamh Dífhostaíochta (ceisteanna maoine)	9
Íocaíochtaí dífhostaíochta (coinníollacha reachtúla	23
Íocaíochtaí breoiteachta	87
Pinsin agus scéimeanna eile	74
Iarmhairtí polasaí	10

Baineann formhór na gceisteanna leis an staid láithreach de achomharc agus tarraingítear siar a lán dóibh ag an ionadaí a bhí bainteach ina dhiaidh teagmháil leis/léi agus míniú den phost. Déileáladh le 166 ceist sa tslí seo. Tugadh freagraí ar na 37 a bhí fágtha go Dáil Éireann.

Meastóirí ag Éisteachtaí Béil

Tá gá le meastóirí a bheith i láthair ag éisteachtaí achomhairc béil nuair a bhfuil ceisteanna maidir le Deontas agus Cúnamh Dífhostaíochta á chloisteáil. Tógtar na meastóirí ó phainéil d'ainmnithigh atá bunaithe ar cheantair de shuim ceardchumainn agus an fhostóra agus atá in ann léargas san stádas fostaíochta i gceantair a sholáthar. Faoi reachtaíocht tá sé suas chun an Phríomh Oifigeach Achomhairc cinneadh a dhéanamh ar an sórt achomhairc ina mbeadh cabhair ó Mheastóirí ag éisteachtaí béil riachtanach.

Níl gá do mheastóirí freastal ar éisteachtaí béil faoi láthair de chásanna mothálacha ina d'fhéadfadh an cheist a bheith bainteach le: -

(i) Tástáil Maoine (ioncam),

(ii) Spleáchas (aontíos san áireamh), nó

(iii) Obair agus éileamh comhthráthach (is é sin, líomhain calaoise).

I rith 2004 d'fhág an Phríomh Oifigeach Achomhairc trí catagóirí breise ar láir ó na cinn ina bhfuil an freastal de mheastóirí riachtanach - nuair a bhí an cheist faoi achomharc bainteach le:-

(iv) Teorannú sa mhéid DD / CD iníoctha go "cúpla",

(v) Éilimh déanacha agus réamhdhátú d'íocaíocht, agus

(vi) An Coinníoll Gnáth-Chónaí

I rith na bliana thug an Oifig Achomhairc comhairle agus cabhair d'obair a bhí á dhéanamh do Chomhdháil Cheardchumann na hÉireann ag nuachóiriú na treoirlínte úsáidte do Mheastóirí ó phainéal na gceardchumann.

Táimid buíoch as an gcabhair de Comhdháil Cheardchumann na hÉireann agus ó mhéid na heagraíochtaí fostóirí ag soláthar ainmnithigh don sheirbhís phoiblí thábhachtach seo. Tá roinnt imní faoin teip minic de Mheastóirí chun freastal ar éisteachtaí achomhairc. Má leanann an chlaonadh seo d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá do Mheastóirí a bheith ag éisteachtaí béil.

Dílárú

Tá an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh san áireamh i bpleananna díláraithe na Seirbhíse Sibhialta. Mar sheirbhís tosaigh le haon tríú dá ghnó i gceantar Bhaile Átha Cliath agus le taobhú minic do na hard cúirteanna tugann sé seo dúshlán do chóras a bhfuil bunaithe timpeall ar imleacán lárnach a bhfuil bunaithe ar eolas. Ní raibh eolas sainiúil ar a raibh pleanáil ar aghaidh le bheith déanta air ar fáil i 2004. Beidh an choinneáil d'éifeachtacht costais, saineolas agus éifeachtacht foriomlán mar fhócas mór de phleanáil atá le teacht.

Cruinnithe agus Comhairlí

Faoin reachtaíocht atá á rialú an córas achomhairc leasa shóisialaigh bíonn cruinnithe d'Oifigigh Achomhairc ar siúl cúpla uair sa bhliain. Is é príomh aidhm na cruinnithe seo ná comhsheasmhacht idir Oifigigh Achomhairc atá ag riartha an cód leasa shóisialaigh a chinntiú.

Tá an gá ann freisin fanacht suas chun dáta le athruithe sna riachtanais de dhlí riarthach mar bíonn tionchar acu ar mhodhanna achomhairc agus, chomh maith, chun chinntiú go bhfanann an córas achomhairc freagrach go riachtanais na n-achomharcóirí agus daoine eile a déileálann leis an Oifig.

Bhí cruinnithe agus comhairlí ar siúl freisin le hOifig Chomhairleach um Chinntí agus le hoifigigh ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a bhfuil freagrach as an riarachán de scéimeanna éagsúla. Is é seo a leanas achoimre de roinnt de na hábhair a bhí pléite ag na cruinnithe seo.

Íocaíochtaí do Theaghlaigh Aontuismitheora (ÍTAT).

Is íocaíocht de réir scrúdú maoine é an ÍTAT do thuismitheoirí aonaracha atá á tógáil clainne gan an tacaíocht de chéile nó pháirtí. Is féidir le tuismitheoir aonarach leanúint ag fáil íocaíocht den ÍTAT ar an gcoinníoll nach dtéann a tuilleamh comhlán seachtainiúil thar €293. Léirigh tuarascálacha bhliantúla roimhe do 2002 agus 2003 na gnóthaí d'Oifigigh Achomhairc maidir le roinnt de na cásanna a bhí ag teacht suas ina raibh ró-íocaíochtaí measúnaithe i gcoinne na tuismitheoirí aonaracha (is é sin, nuair a bhfuil na cinntí ag dícheadú teideal réamhdhátaithe do roinnt blianta). I roinnt de na cásanna seo fuarthas amach go raibh an teorainn tuillimh seachtainiúil imithe thar gan chuimhneamh ag an tuismitheoir aonarach agus go minic ag méid an bheag.

Bhí an cheist seo mar ábhar de dhíospóireachtaí breise i rith 2004. Thit na gnóthaí de na hOifigigh Achomhairc faoi roinnt teidil: -

(i) Níl athbhreithniú déanta ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar an héilimh ÍTAT de na daoine a bhfuil i bhfostaíocht ar bhonn rialta, cé go bhfuil rochtain aige don eolas tuillimh trí naisc leis an gCoimisinéir Ioncaim. Laghdódh nó fiú choiscfeadh próiseas athbhreithnithe córasach dá leithéid ró-íocaíochtaí ag teacht suas sa chéad áit.

(ii) Easpa soiléireachta idir an fhoráil tairsí na tuilleamh seachtainiúla den reachtaíocht [Alt 158 den Acht LS (Comhdhlúthú), 1993 mar atá leasaithe] agus na forálacha Measúnaithe Maoine ag Cuid II den Tríú Sceideal den Acht céanna. De réir an dlí anois níl duine i dteideal ÍTAT a fháil in aon seachtain ina dtéann a ioncam thar €293 ach dá mbeadh an leibhéal tuillimh seo tógtha mar mhaoine bheadh teideal bunúsach don íocaíocht.

(iii) Easpa eolais do thuismitheoirí aonaracha maidir leis an fheidhmiú den tairseach tuillimh seachtainiúla. [Tá sé ar eolas go raibh feabhsuithe le déanaí sa chaighdeán faisnéise ach ní thugann sé seo ach leas beag do na daoine a bhfuil a éilimh dícheadaithe cheana le pionóis suntasacha i bhfoirm ró-íocaíochtaí.]

(iv) Léiríonn roinnt de na cásanna a tháinig suas faoi achomharc easpa comhréireachta sa bhreathnú den fhianaise ag an gcéim cinnidh tionscantach – mar shampla, níl an 'mícheart' a dúradh a raibh déanta comhréireach leis an bpionós (is é sin, méid na ró-íocaíochta) a bhfuil measúnaithe.

(v) An cleachtadh d'úsáid na meán tuillimh seachtainiúla (tuillimh bhliantúla roinnte faoi 52) in ionad figiúirí cruinne tuillimh seachtainiúla a fháil. Ní thógann sé seo cásanna ina d'fhéadfadh, mar shampla, bónas ag deireadh na bliana tuillimh i dtréimhse áirithe a mhéadú ach ní don bhliain go léir.

I rith 2004 shocraíodh Oifigeach Achomhairc 148 achomharc ÍTAT ina raibh cinntí réamhdhátaithe bainteach le ró-íocaíochtaí suntasacha measúnaithe. As seo bhí 55 (37%) rathúil sa chaoi nach raibh aon ró-íocaíochtaí inaisghafa dlite.

Léiríonn an cás staidéir ar leathanach 22 nádúr an fhadhb agus imní na nOifigeach Achomharc.

Scéimeanna Íocaíochta Dífhostaíochta

Teideal do Dheontas Dífhostaíochta (DD) i rith briseadh téarma - Maoir Tráchta Scoile

Bhí polasaí nua tugtha isteach ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir le éilimh ó Mhaoir Tráchta Scoile do DD i rith tréimhsí gan obair do shaoire / briseadh mheán téarma srl. Faoin polasaí nua seo, ní raibh laethanta de "theideal saoire fabhraithe" tógtha mar laethanta dífhostaíochta d'aidhmeanna DD. Go fírinneach, ní bheadh DD íoctha i leith laethanta ar a bhfuil teideal go pá saoire - fiú áit ina d'fhéadfadh aontú a bheith ann idir an Mhaor Scoile agus an fhostóra go mbeadh an íocaíocht den teideal saoire iarchurtha. Mar shampla, roghnódh a lán Maor Scoile íocaíocht saoire a iarchuir go dtí an briseadh an tsamhraidh.

D'ardaigh na hOifigigh Achomhairc imní mar gheall ar an gcur chuige nua seo agus cheistigh siad an bonn reachtúil dó. Tarraingíodh aird ar an seans go d'fhéadfadh na Maoir Tráchta Scoile cailliúint amach ar theidil leasa shóisialaigh todhchaíochta toisc nach bhfuil na ranníocaíochtaí ÍMAT íoctha nó creidiúnaithe do seachtainí nach raibh siad fostaithe ag a bhfostóir (agus mar sin ní raibh siad dlite ranníocaíochtaí ÍMAT a íoc) ná dífhostaithe de réir an pholasaí nua (agus ranníocaíochtaí creidiúnaithe tugtha).

Tá sé tuigthe go bhfuil an Roinn ag athscrúdú an cheist seo.

Teideal Deontais Dífhostaíochta agus "Caillteanas Suntasach de fhostaíocht"

Faoin reachtaíocht níl Deontas Dífhostaíochta iníoctha d'aon duine nach d'fhulaing "caillteanas suntasach de fhostaíocht" in aon seachtain. Tugadh an bearta seo isteach go sainiúil chun chosc a chur ar dhaoine i bhfostaíocht páirtaimseartha as cáiliú d'íocaíocht den DD do na laethanta nach raibh siad fostaithe.

Baineann an coinníoll "caillteanas suntasach de fhostaíocht" le dhaoine a bhfuil i bhfostaíocht páirtaimseartha rialta ach ní bhaineann sé le "oibreoirí fánacha" mar atá sainmhínithe sna rialacháin (Airteagal 33 de IR 417 de 1994). I rith 2004 tháinig éagsúlacht i dtuairimí suas maidir leis an stádas fostaíochta de Dhugairí atá fostaithe i gcalaí Luimnigh agus Chorcaí. Bheartaigh na hOifigigh Chinnidh sa Roinn go raibh na Dugairí mar fhostaithe páirtaimseartha agus dá bhrí sin tháinig siad faoi réimse an choinníll "caillteanas suntasach" (agus mar iarmhairt ní raibh siad i dteideal íocaíocht de DD i seachtainí áirithe). Dúirt an tOifigeach Achomhairc a bhí ag déileáil le na n-achomharc iartheachtacha, ar bhonn an fianaise a bhí ar fáil, go raibh siad mar "oibrithe fánacha" agus, dá bhrí sin níor bhain an riachtanas "caillteanas suntasach". Nuair a bhí na hOifigigh Achomhairc ag teacht chuig a gconclúidí thóg siad faoi ndeara, go háirithe, nach raibh aon deimhniú ag na Dugairí a bhí i gceist go mbeidh siad ath-fhostaithe ag an bhfostóir céanna tar éis gach tréimhse fostaíochta. Mheas na hOifigigh Achomhairc freisin go raibh lochtanna leis an leibhéal scrúdaithe ag an Roinn agus caighdeáin na fianaise á chur isteach sna hachomhairc seo.

Liúntas Míchumais - cónaitheoirí de institiúidí

Faoin reachtaíocht, níl Liúntas Míchumas iníoctha d'aon thréimhse ina a bhfuil duine cónaitheach i gcúram institiúideach agus nuair a bhfuil cothabháil an duine á shroicheadh go hiomlán nó i bpáirt ag Bord Sláinte [Rannóg 191 B (3) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993]. Tháinig deacrachtaí agus aimhrialtachtaí chun cinn maidir leis an léiriú agus an bhfeidhmiú de na forálacha seo – le béim ar leith ar an argóint go bhfuil maoiniú Bord Sláinte do roinnt chónaithe bunaithe ar an bpobal dírithe ar an gcúram in ionad ar an cothabháil de na daoine i gceist. D'ardaíodh an cheist seo leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar roinnt ócáidí roimhe seo – féach Tuarascáil Bliantúil na hOifige Achomhairc do 2002 – agus d'ardaíodh arís é i rith 2004.

Tá áthas ar an Oifig Achomhairc go bhfuil athruithe reachtacha tugtha isteach anois gur chóir a chabhróidh chun an fhadhb a réiteach (Rannóg 8 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsin, 2005).

An Coinníoll Gnáth-Chónaí (CGC)

Ginearálta

Tugadh reachtaíocht nua isteach le héifeacht ó 1 Bealtaine 2004 trína gcaithfidh iarratasóirí ar Chúnamh Dífhostaíochta, ar an bPinsin Seanaoise (Neamh Ranníocaíochta), Pinsean na nDall, Pinsean Neamh-Ranníocaíochta Baintrí(Fir) agus Dílleachta, Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora, Liúntas Cúramóra, Liúntas Míchumais, Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh agus Sochar Linbh a chruthú go bhfuil siad "gnáth chónaitheach" sa Stáit. Tá an reachtaíocht deilbhithe i slí a toimhdíonn nach mbeidh duine gnáth chónaitheach do dtí go dtaispeántar a mhalairt. Tá toimhde infhrisnéise freisin go bhfuil tréimhse chónaithe leanúnach (2 bliain) sa Stáit nó Limistéir Taistil Choitinn ag teastáil.

Mar atá le na forálacha reachtúla nua go léir bhí díospóireacht suntasach faoin léiriú agus an fheidhmiú den CGC do chásanna atá ag teacht ar achomharc. Bhí imní ar na hOifigigh Achomhairc faoi chumas na n-eineachras chun comhsheasmhacht a chinntiú den phróiseas déanamh chinnidh ag an Roinn – mar shampla an mbeadh sé indéanta do dhuine chun an CGC d'aidhmeanna Liúntais Leasa Shóisialaigh a shásamh ach ní do Chúnamh Dífhostaíochta. Féach freisin an cás staidéir ar an CGC ar leathanach 23.

Sochar Linbh agus an CGC

Tá imní áirithe maidir leis an bhfeidhmiú den CGR don Scéim Sochair Linbh – le tuairim san áireamh gur chóir go mbeadh Sochar Linbh fágtha as an dtarchuir den CGC ar fad. Faoi reachtaíocht AE is "Sochar Teaghlaigh" é Sochar Linbh a tugann na cearta do "oibrithe imircigh" a bhfuil mar náisiúnaigh den Limistéir Eacnamaíoch Eorpach (LEE) agus cónaitheach sa Stát. An rud a chiallaíonn sé seo ná nach féidir an CGC a chur i bhfeidhm sa slí samhlaithe d'aidhmeanna Shochair Leanaí do "oibrithe imircigh" AE.

Breathnaíonn na hOifigigh Achomhairc go d'fhéadfadh go mbeidh cúiseanna eile as Sochar Linbh a fhágáil as an scóip an CGC. Mar shampla, tá imní ann go d'fhéadfadh go mbeadh an fhoráil CGC a bheith ag briseadh an Choinbhinsiúin de an Náisiúin Aontaithe ar Cearta an Linbh - ar a bhfuil Éire mar shínitheoir.

Tá imní na n-Oifigeach Achomhairc curtha in iúl don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus, tá sé tuigthe, go mbeidh sé breathnaithe mar chuid de athbhreithniú den fheidhmiú den CGC atá leanúnach.

Oifig Chomhairleach um Chinntí

Tá cruinnithe leis an Stiúrthóir den Oifig Chomhairleach um Chinntí agus a foireann mar an bpríomh fhóram do chaidreamh idir an Oifig Achomhairc agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Soláthraítear trácht maidir le ceisteanna agus imní reachtacha ardaithe nuair a bhí cleachtadh reachtach mar ábhar aighnis ag achomharc.

Moilleanna Riarthacha

Rinneadh tagairt in iar tuarascálacha do mhoilleanna ag limistéir áirithe sa Roinn ag cur na páipéir ábhartha ar aghaidh chun go mbeadh an Oifig Achomhairc in ann achomhairc a phróiseáil. Ag comhoibriú leis an Oifig Chomhairleach um Chinntí gnóthaíodh roinnt torthaí dearfacha trí laghdú sa líon foriomlán sa chomhaid achomhairc atá gan réiteach. Nuair a fuarthas na comhaid atá fós gan réiteach seo cuireadh socruithe speisialta ar

láimh ag an Oifig Achomhairc chun an phróiseáil de na hachomhairc a chur chun tosaigh. Tá feabhas ginearálta tagtha ar an staid maidir le comhaid atá á chur ar aghaidh ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh go dtí an Oifig Achomhairc agus tá sé á choimeád faoi athbhreithniú leanúnach.

Ciogal Riarthach - Pátrún Leanúnach D'éilimh agus Achomhairc

I rith 2004 bhí roinnt cliaint i gciogail leanúnach de éilimh agus achomhairc. Go tipiciúil tháinig an staid seo chun cinn nuair a bhí Cúnamh Dífhostaíochta (CD) dícheadaithe don duine i gceist - ar an mbonn mar shampla nach raibh sé/sí "ag lorg oibre go fíréanta". Ansin déanfaidh an duine ábhartha achomharc don Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh agus éileamh freisin ar an Liúntas Forlíontach Leasa (LFL) nuair a bhí an t-achomharc á phróiseáil. Sa chás nach raibh an t-achomharc CD rathúil (is é sin, dícheadaithe) déantar athbhreithniú ar theideal an duine do LBL freisin - uaireanta dícheadaithe freisin. I roinnt chásanna d'fhéadfadh go mbeadh an duine ábhartha a bheith spreagtha (tiomáinte) ag Oifigeach Leasa Pobail chun ath-éileamh do CD a dhéanamh d'fhonn teideal do LFL a chothabháil –agus mar sin tosaíonn an ciogal arís.

Duine Fásta Cáilithe

Is féidir méadú in íocaíochtaí leasa shóisialaigh a bhronnadh maidir le céile nó páirtí (tagartha do mar "Duine Fásta Cáilithe") a bhfuil coimeádta "go hiomlán nó don chuid is mó" ag an achomharcóir / iarratasóir. Tá tionchar ar méid an mhéadaithe ag ioncam seachtainiúil an "duine fásta cáilithe" – feidhmíonn rataí laghdaithe de mhéadú nuair atá ioncam thar méid sainithe (€88.88 in aghaidh na seachtaine faoi láthair) ag an duine fásta cáilithe i bhfeidhm nuair a bhfuil ioncam ag an duine fásta cáilithe. Nuair a bhfuil caipiteal nó maoin in úinéireacht an "duine fásta cáilithe" úsáidtear tástáil maoine chun an t-ioncam seachtainiúil a ríomhadh.

I rith 2004 tháinig fadhb chun cinn maidir leis an modh a bhí in úsáid ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun an t-ioncam seachtainiúil de "dhuine fásta cáilithe" a ríomhadh i leith a ús leath-scair sa dara teach a bhfuil i gcomh-uinéireacht an chúpla. Bhí an Roinn leisciúil ag glacadh nach mbeadh an ríomhaireacht tástáil maoine á fheidhmiú ach amháin nuair a bhí an dara páirtí "ábalta a bheith curtha go húsáid bhrabúsach". [Má tá an mhaoin á úsáid go pearsanta ag an achomharcóir / iarratasóir ní choir é a thógáil san áireamh as an t-ioncam seachtainiúil an "duine fásta cáilithe" a ríomhadh"].

Dlí Riarthach

Chun coimeád suas chun dáta le athruithe sa dlí riarthach agus sa dlí fostaíochta rinneadh saineolaí sna fearainn sin cur i láthair don Oifig Achomhairc mar gheall ar forbairtí deireanacha agus breithiúnais cúirte. Bhí seisiúin ar na rudaí seo a leanas san áireamh sna cur i láthair seo: -

- Ceisteanna Dlí Fostaíochta – ag baint don chuid is mó le Conradh de agus do Sheirbhísí
- An Teagasc d'Imeachtaí Cothroma – le tagairt speisialta do na forálacha ábhartha den Choinbhinsiún Eorpach ar an Acht um Chearta Daonna, 2003
- An teagasc de Chomhréireacht
- Claonadh agus Dlí Riarthach

Tá Oifigigh Achomhairc meabhrach go bhfuil dlí riarthach mar chuid dhílis dá gcomhshaoil feidhmiúcháin mar a gcéanna le reachtdlí leasa shóisialaigh. Tá an coimeád suas le forbairtí, mar sin, chomh tábhachtach don cleachtadh ceart dá dualgais mar at an t-eolas níos soiléire d'athruithe sa chód leasa shóisialaigh.

Imeachtaí Cúirte

Breithiúnas i 2004

An staid fostaíochta agus an stáid ÍMAT de theicneoirí Inseamhnaithe Saorga (IS) - An Ard-Chúirt agus An Chúirt Uachtarach

Rinneadh Oifigeach Achomhairc cinneadh go raibh na teicneoirí IS úsáidte ag Castleisland Cattle Breeding Society Ltd. mar fhostóirí an chomhlachta (agus d'fheidhmigh an ráta ÍMAT Rang A) Lorg an Comhlacht athbhreithniú de na cinntí seo ag an bPríomh Oifigeach Achomhairc (POA) faoi reachtaíocht leasa shóisialaigh, ach, tar éis an athbhreithniú seo, níor athraigh na cinntí. Ansin rinne an comhlacht achomharc don Ard-Chúirt (Castleisland Cattlebreeding Society Ltd-v-An tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh - Tag. 2001 Uimh. 391 Sp), agus sheachaid breithiúnas ag an mBreitheamh Ó Donnabháin Uasal ar 7 Samhain 2003. Chuaigh an Ard-Chúirt i gcoinne an Oifigeach Achomhairc agus dúirt sé go raibh na teicneoirí IS féin fostaithe. Léirigh breithiúnas na hArd-Chúirte beachtaíocht don mhodh úsáidte ag an POA chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh na hOifigigh Achomhairc [faoi Alt 263 an Achta Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993]. Go háirithe fuair an cúirt gur rinne an POA botún toisc nach ndearna siad éisteacht béil breise mar chuid den phróiseas athbhreithnithe. Beartaíodh é chun achomharc a dhéanamh don Chúirt Uachtarach i gcoinne an cinneadh seo.

I mbreithiúnas ar 15 Iúil 2004 thacaigh an Cúirt Uachtarach (Tag. 408 / 2003) cinneadh na hArd-Chúirte faoin gceist substainteach den staid fostaíochta de na teicneoirí IS (is é sin, féinfhostaithe)

Tá na himpleachtaí iomlána den Bhreithiúnas faoi scrúdú san Oifig Achomhairc. De spéis ar leith tá: -

- Tábhacht an mhoillithe (10 bliain ina dhiaidh an comhlacht ag tabhairt isteach athrú ó stádas fostaithe go stádas conartha) sula d'iarr na oibrithe go mbeadh athbhreithniú déanta ar a stádas fostaíochta (stádas ÍMAT) iarracht a stáid fostaíocht (stáid PRSI) a athbhreithniú
- An tábhacht ceangailte le na conarthaí fostaíochta scríofa
- Na himpleachtaí dá dearbhuithe cánacha mar fhéin fhostaithe sna blianta idirghafa, agus
- An bheachtaíocht ag an gCúirt den bhéim tugtha do ghnéithe áirithe den fhianaise.

Dúil tábhachtach den bhreithiúnas ná gur easaontaigh an Cúirt Uachtarach le torthaí na hArd-Chúirte maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe déanta ag an POA faoi Alt 263 an Achta Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993. Go háirithe, dúirt an Chúirt Uachtarach gur meicníocht den phróiseas athbhreithnithe é seo agus ní chóir féachaint ar mar achomharc dúbailte. Chomh maith leis sin, dúirt an Chúirt Uachtarach nach raibh aon oibleagáid ar an POA éisteacht bhéil breise a thionól i leith an ról reachtúil den POA faoi Alt 263 den reachtaíocht soiléirithe.

Má theipeadh é sin a dhéanamh bheadh míthuiscintí féideartha faoin ról sin mar thoradh agus d'fhéadfadh go mbeadh sé freagrach as dóchas d'ascaill breise achomhairc.

Sochar Míchumais – Cumasach chun Oibre

Thug an Breitheamh Roderick Murphy Uasal breithiúnas ar 27 Bealtaine 2004 sa chás de Martin Maher-v- An tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Tag:- 2003 Uimh 166 JR). Ba iarratas é seo do Athbhreithniú Dlíthiúil i gcoinne cinneadh an Oifigigh Achomhairc nach raibh an achomharcóir (gearánaí / iarratasóir) i dteideal Liúntais Mhíchumais a bheith iníoctha dóibh mar go raibh sé "cumasach chun oibre" Tógadh na himeachtaí Ard-Chúirte ar roinnt chúinsí ach le tagairt ar leith don chéim tábhachta a bhí ceangailte le heilimintí difriúla den fhianaise leighis a bhí roimh an Oifigeach Achomhairc.

Dhíbh an Breitheamh Murphy Uasal an achomharc agus bhí se sásta go raibh an t-Oifigeach Achomhairc an-chruinn ina bhreathnú don chás seo.

Roinnt Chásanna Cúirte ar Feitheamh

Tá imeachtaí Ard-Chúirte tionscanta sna dá chásanna seo a leanas:

Cúnamh Dífhostaíochta – Gan a bheith "Ag Lorg Oibre i nDáiríre"

Is éard atá i gceist anseo Imeachtaí Iomlánacha i gcoinne an Aire Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh tógtha ag iarratasóir a raibh a éileamh ar Chúnamh Dífhostaíochta dícheadaithe de bhrí nach raibh sé/sí "dífhostaithe" nuair a bhí sé/sí ag freastal ar chúrsa oideachais. Ní raibh próiseas na n-achomharc leasa shóisialaigh tugtha chun críche nuair a cuireadh tús le himeachtaí na hArd-Chúirte. Tá na himeachtaí seo á ndéanamh de bharr roinnt foras (bunaithe ar ghnáthaimh den chuid is mó) – lena n-áirítear líomhaintí go raibh na himeachtaí éisteachta ó bhéal éagórach. Tá Cosaint iomlán comhdaithe agus tá an t-éileamh á iomaidh go hiomlán. (Tag. 2004 LTH 205)

Staid Fostaíochta agus staid ÍMAT de Léitheoirí Méadair Conartha

Rinneadh Oifigeach Achomhairc cinneadh go raibh Léitheoirí Méadair Conartha a bhí in úsáid ag an mBord Soláthair Leictreachais (BSL) fostaithe mar fhostaithe (is é sin, faoi Chonradh Seirbhíse) agus gur fheidhmigh an rata ranníocaíochta ÍMAT Rang A. Rinne an Comhlacht achomharc i gcoinne an cinneadh seo go dtí an Ard-Chúirt (An Bord Soláthair Leictreachais-v- An tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh Tag.:- 2002 / 187 SP). Deireann an comhlacht go bhfuil na Léitheoirí Méadair Conartha mar chonraitheoirí féin fhostaithe. Tá na Léitheoirí Méadair Conartha ceangailte mar Pháirtithe Fógra do na himeachtaí seo.

I rith 2004 tháinig roinnt mhoilleanna gnásúla chun cinn sa phróiseáil den chás seo - ag baint leis an malartú de dhearbhóidí idir an BSL agus na Páirtithe Fógra (Léitheoirí Méadair Chonartha). Tá na dearbhóidí go léir curtha isteach anois agus meastar go mbeidh dáta tugtha do éisteacht an cháis san Ard-Chúirt I 2005.

Cáis staidéir de Oifigigh Achomhairc Cinntí

Is í an cuspóir agus na cásanna á roghnú le bheith curtha san áireamh sa rannóg seo den tuarascáil ná chun an próiseas trína shocraítear achomhairc a shoiléiriú, cibé trí chinneadh achoimre nó ina dhiaidh éisteacht bhéil. Tá bunús do chinneadh an Oifigigh Achomhairc i ngach cás imlínte, mar atá ceisteanna a ardaíodh maidir le foráil reachtaíochta reatha nó do na riachtanais de cheartas nádúrtha agus ghnáthaimh chothroma

Liúntas Cúramóra

Ceist faoi chaibidil: Ar shásaigh an t-achomharcóir (feighlí an linbh) na coinníollacha d'admháil íocaíochta.

Cúlra: Diúltaíodh éileamh an achomharcóra do Liúntas Cúramóra toisc nach raibh sí mar an bpríomh thabharthaí cúraim agus nach raibh sí ag soláthar cúraim agus aire lánaimseartha do leanbh le míchumas fíor-dhona. Bhí tuismitheoirí an linbh araon i bhfostaíocht lánaimseartha agus sholáthar an t-achomharcóir cúram go príomha nuair a raibh siad ag obair. Bhí máthair an linbh ag fáil Liúntais Cúram Baile ón mBord Sláinte.

Éisteacht Bhéil: Bhí ionadaí ón Ionad Eolais do Shaoránaigh (IES) áitiúil in éineacht leis an achomharcóir ag an éisteacht bhéil. Bhí an Cigire Leasa Shóisialaigh i láthair ar iarratas an Oifigigh Achomhairc.

Léirigh an Cigire Leasa Shóisialaigh gur rinne sé agallamh le máthair an linbh tuairim is ceithre mhí níos luaithe. Mhol sí dó go raibh an t-achomharcóir ag an tréimhse sin ag tabhairt cúraim don leanbh sa bhaile, cé go dtugadh aire don leanbh ar dtús i mbaile an achomharcóra.

Dúirt an t-achomharcóir gur thug sí aire don leanbh óna naoi a chlog ar maidin go dtí timpeall a sé a chlog sa tráthnóna ar laethanta den tseachtain agus uaireanta ar an Sathairn chomh maith. Mar fhreagra ar cheisteanna curtha ag an Oifigeach Achomhairc, dúirt an t-achomharcóir go gcoimeádfadh sí an leanbh ina cúram thar oíche, más rud é go raibh na tuismitheoirí as baile do lá nó dhó. Shonraigh sí gur fiú nuair a bhí máthair an linbh ar saoire ó obair, fós thug sí cabhair ag tabhairt aire don leanbh.

Rinne an t-ionadaí IES tagairt do ráiteas san leabhrán eolais soláthartha ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir leis an Liúntas Cúramóra (LS41), á léiriú go raibh Liúntais Cúraim Baile lán-ráta iníoctha, bhí Liúntas Cúramóra iníoctha freisin. Dúirt sé nár chuir an íocaíocht de Liúntais Cúram Baile do mháthair an linbh sa chás seo chosc ar íocaíocht de Liúntas Cúramóra don achomharcóir. Mhaígh sé gur thug an t-achomharcóir cúram ar fáil do seacht go leith n-uaire is daichead gach seachtain, á thaispeáint go léiríonn treoirlínte na Roinne gur féidir ocht n-uaire in aghaidh an lae a bheith measta mar chúram lánaimseartha. Dúirt sé freisin nach raibh an t-achomharcóir fostaithe, ag sonrú gur íocadh €70 in aghaidh na seachtaine di chun caiteachais a bhaineann leis an leanbh a thabhairt ar scoil agus go fisiteiripe ina carr féin. Chinntigh an t-achomharcóir gurb í seo an tsuim a íocadh i gcónaí, fiú nuair a thaistil sí timpeall 30 míle in aghaidh an lae d'fhonn cúram a sholáthar i mbaile an linbh féin. Dúirt sí freisin nach gaolta ab ea í agus tuismitheoirí an linbh.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go raibh an cheist íocaíochta don achomharcóir ábhairín neamhghnách sa mhéid nach raibh sé argóinte nach raibh sí fostaithe agus go raibh an tsuim de €70 in aghaidh na seachtaine beartaithe chun an costas taistil a chlúdach. Thug sé faoi deara gur fhéach sé gur fhan an íocaíocht seo mar an gcéanna, gan bacadh leis an raibh an leanbh tugtha chuig baile an achomharcóra nó ar thaisteal an t-achomharcóir chuig bhaile an linbh.

Bhreathnaigh an Oifigeach Achomhairc go gciallaíonn cúram agus aire lánaimseartha é sin go díreach, i bhfocail eile go gcaithfidh an cúramóir a bheith ar fáil go lánaimseartha mar agus cathain a iarrtar thar thréimhse 24-uair. Chríochnaigh sé nach raibh an t-achomharcóir sa chás seo i suíomh chun an leibhéal cúraim seo a sholáthar, ag glacadh go raibh sí ag soláthar cúram nuair a bhí tuismitheoirí an linbh ag obair amháin. Cheap sé nach rinne roinnt chabhair breise a d'fhéadfadh a bheith tugtha ag amanna eile athrú ábhartha ar an suíomh seo. Ag tabhairt faoi deara gur mionúr é an duine a bhí faoi chúram, mheas sé nár sheas an t-achomharcóir *in loco parentis* agus ina ról mar churamóir, níor athchuir an t-achomharcóir ról tuismitheoirí an linbh. Chríochnaigh sé go raibh tuismitheoirí an linbh mar na príomh-churamóirí den leanbh an t-am go léir, leis an t-achomharcóir á sholáthar cúram agus aire teoranta do fhad neamhláithreachta na máthar ar lá oibre amháin. Sna cúinsí, bhí sé sásta nach raibh an t-achomharcóir i dteideal íocaíocht de Liúntas Cúramóra toisc nach raibh cúram agus aire lánaimseartha á sholáthar aici agus i ndáiríre bhí sí fostaithe chun aire a thabhairt don leanbh nuair a bhí na tuismitheoirí ag obair.

Toradh: Achomharc neamhcheadaithe.

Sochar Dífhostaíochta

Ceist faoi chaibidil: Dícháiliú naoi-seachtaine.

Cúlra: Dícháilíodh an t-achomharcóir ó Shochar Dífhostaíochta a fháil do thréimhse naoi seachtaine ar an bhforas go dtugadh an bóthar de óna fhostaíocht trína mhí-iompar féin. Bhí sé fostaithe mar mhaor madraí ag dídean ainmhithe. Neamhcheadaíodh achomharc inmheánach i gcoinne a dhífhostú. Tagraíodh an cás ina dhiaidh sin chuig Coimisinéir Cearta faoin gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais ach níor éisteadh leis ag am na héisteachta béil. Shocraigh an tOifigeach Achomhairc an cheist faoi chaibidil ina dhiaidh dara éisteacht bhéil, an chéad éisteacht a bheith curtha ar atráth d'fhonn cóip den litir dífhostaithe eisithe don achomharcóir a fháil.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastal an t-achomharcóir, in éineacht lena ionadaí cheardchumainn. D'fhreastail an tOifigeach Cinnidh ar

iarratas an Oifigigh Achomhairc, mar aon leis an bhfostóir agus fostaí eile ón dídean ainmhithe. Tugadh cuireadh do bheirt mheasúnóirí freastal, ceann ó phainéal an fhostóra agus ceann ó phainéal an fhostaí. Ar lá na héisteachta béil níor fhreastail ach an measúnóir ó phainéal an fhostóra. Ghabh an t-achomharcóir a thoiliú chun dul ar aghaidh i neamhláithreacht an mheasúnóra eile. Léigh an tOifigeach Achomhairc an tuarascáil den éisteacht níos luaithe amach agus chomhairligh sé go raibh lán-chóip den litir dífhostaithe ar chomhad an achomharcóra anois.

Ina fianaise, shonraigh an tOifigeach Cinnidh gur dhícháiligh sí an t-achomharcóir don uasthréimhse de naoi seachtain Dúirt sí gur mheas sí go raibh sé seo cuí toisc go raibh sé dícháilithe do mhí-iompar mór. I dtacaíocht lena cinneadh, bhraith sí ar fhótachóip pháirteach den litir dífhostaithe eisithe don achomharcóir. Maígh sí gur rinne sí fótachóip den cháipéis a tugadh di ag an achomharcóir agus nach raibh inti ach dhá leathanach, an chéad leathanach den litir agus an leathanach ag imlíniú líomhaintí uimhir 6 agus 7. Léirigh sí nuair a rinne sí a cinneadh, gurb iad seo na ceisteanna amháin go raibh eolas aici faoi.

D'fhiafraigh an tOifigeach Achomhairc ar an bhfostóir trácht a dhéanamh ar na líomhaintí a bhí leagtha amach san litir eisithe don achomharcóir. Thagair iad seo d'fhad an ama ar a raibh madraí ar seachrán coimeádta ag an dídean sula chuireadh síos iad, an cheist den achomharcóir ag coimeád a mhadraí féin ag an dídean agus líomhain gur rinne an t-achomharcóir madraí a phórú ann le díol. Rinne an fostóir tagairt do fhorálacha an Achta um Rialú Madraí, 1986 agus d'imlínigh sé a imní maidir le cumas na dídine chun a ról a chomhlíonadh dá dtabharfaí loistín do mhadraí breise ann. Léirigh sé chomh maith go raibh sé contrártha le meon na heagraíochta chun a chonchróite a úsáid chun madraí a phórú le díol agus mhaígh sé nár chothaigh an t-achomharcóir an Clár Madraí ar Fán de réir an Achta um Rialú Madraí, 1986.

Mar fhreagra ar mhaíomh an fhostóra go raibh freagracht eiticiúil ag an achomharcóir chun úinéirí na madraí fáin a lorg, d'argóin a ionadaí cheardchumainn nach raibh sé seo imlínte i dtuairisc scríofa a phost. D'aontaigh an t-achomharcóir gur choimeád sé a mhadraí féin ag an dídean ach dhiúltaigh sé gur chruth sé seo aon fhadhb toillte sna chonchróite. D'admhaigh sé gur rinne sé pórú ar dhá chuain le dhíol. Maidir leis an gClár Madraí ar Fán, tháirg a ionadaí cheardchumainn cóip den reachtaíocht ábhartha, ag argóint nach raibh ar an achomharcóir a mhadraí féin a chlárú faoin Acht. Ghlac a fhostóir nár iarr an reachtaíocht ar an achomharcóir a mhadraí féin a iontráil sa chlár.

Rinne an t-achomharcóir roinnt phointí breise maidir lena dhífhostú agus don achomharc inmheánach i gcoinne an dhífhostú sin, ag argóint gur dífhostaíodh go héagothrom é. Mar fhreagra, chuir a fhostóir fillteán isteach ina raibh na cáipéisí go léir a bhí aige maidir leis an gcás, ag léiriú nach raibh aon fhógra d'éileamh dífhostaithe éagothrom. Chríochnaigh an éisteacht nuair a thaispeáin na páirtithe go léir nach raibh aon rud eile le rá acu.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach Achomhairc an neamhfhreagracht san fhianaise maidir leis an litir dífhostaithe eisithe don achomharcóir faoi deara. Cé gur dhearbhaigh an t-achomharcóir gur thug sé an litir iomlán don Oifigeach Cinnidh, bhí sí lán cinnte nach bhfuair sí ach cáipéis ina raibh an chéad leathanach agus na leathanaigh deiridh den litir. Bhí an tOifigeach Achomhairc sásta go raibh leagan an Oifigigh Chinnidh mar an cheann níos iontaofa, cé nár mheas sé gur leithscéal é seo don fhíoras nár rinneadh aon iarracht chun an gcuid eile den litir a fháil nuair is léir go raibh sé neamhiomlán. Mheas an tOifigeach Achomhairc gur bunaíodh é gur úsáid an t-achomharcóir chonchróite an fhostóra chun a mhadraí féin a choimeád d'aidhmeanna póraithe. Mheas sé go raibh éifeacht aige sin ar líon na spásanna ar fáil do mhadraí fáin nó gaibhnithe a laghdú, nó na cinn tugtha isteach ag a úinéirí, ag comhréiteach leibhéal na seirbhíse go bhféadfadh an eagraíocht a sholáthar sa cheantar. Thug sé faoi deara chomh maith gur thaispeáin an fhianaise gur cuireadh roinnt madraí síos gan a bheith coimeádta don tréimhse reachtúil do chúig lá agus nach raibh an Clár Madraí ar Fán coimeádta don chaighdeán iarrtha ag fostóir an achomharcóra. I dtéarmaí na reachtaíochta rialaithe, thug sé faoi deara nár shamhlaigh na reachtóirí go choimeádfadh na maoir madraí a mhadraí féin ag an bpóna. Chríochnaigh an tOifigeach Achomhairc gur chaill an t-achomharcóir a phost mar thoradh ar mhí-iompair. Mheas sé, áfach, nach raibh dícháiliú naoi seachtaine cóir i gcúinsí an cháis. Thug sé faoi deara gur fhulaing an t-achomharcóir a lán, tar éis a phost a bheithe caillte aige a bhí aige do roinnt bhlianta agus le hionchas beag as obair eile a fháil ag a aois. Sna cúinsí, mheas sé go mbeadh dícháiliú trí sheachtaine níos iomchuí.

Toradh: Achomharc ceadaithe i bpáirt.

Liúntas Leasa Forlíontach

Ceist faoi chaibidil: An féidir Liúntas Leasa Forlíontach (forlíontach ráta bunúsach agus cíosa) a bheith íoctha don achomharcóir, mac léinn d'aois 18.

Cúlra: Tháinig an t-achomharcóir, náisiúnach coigríche, go hÉireann mar mionúr neamhthionlactha agus tugadh stádas dídeanaí dó ina dhiaidh sin. Bhí sé ina chónaí i dteach ósta ar dtús agus íocadh Liúntas Leasa Forlíontach dó. Ar aois 18 á bhaint amach aige, chuaigh sé chun cónaí in árasán cóngarach don scoil ar a raibh sé ag freastal. Dícheadaíodh a éileamh don bhun ráta de Liúntas Leasa Forlíontach agus do fhorlíontach cíosa faoin scéim. Rinne Oifigeach den Bhord Sláinte cinneadh nach raibh aon chúis chun na forálacha reachtacha a cheadaíonn d'íocaíocht i gcúinsí eisceachtúla a úsáid agus, mura raibh sé ina mhac léinn, d'fhéadfadh an t-achomharcóir éileamh a dhéanamh ar Chúnamh Dífhostaíochta. Thacaigh Oifigeach Achomhairc an Bhoird Sláinte an cinneadh ar an bhforas gur sholáthar an reachtaíocht rialaithe nach raibh Liúntas Leasa Forlíontach iníoctha do dhuine ag freastal ar chúrsa staidéir.

Éisteacht Bhéil: Bhí múinteoir tadhaill ón meánscoil ar a fhreastail sé agus Oifigeach Eolais ón Seirbhís Eolais um Dhídeanaí in éineacht leis an achomharcóir. D'fhreastail Ceannfort na nOifigeach Leasa Pobail a bhí bainteach sa chás ar iarratas an Oifigigh Achomhairc.

Thaispeáin Ceannfort na nOifigeach Leasa Pobail go raibh Liúntas Leasa Forlíontach ag ráta bunúsach agus íocaíocht forlíontach cíosa araon á fháil ag an achomharcóir mar

shocraíocht sealadach, ceann a chuir an Bord Sláinte i bhfeidhm gan é a chur i mbaol. Dúirt sé cé go n-údaródh an Bord Sláinte íocaíochtaí de ghnáth suas go deireadh na bliana acadúil do dhuine a bhí ag déanamh cúrsa, cad a bhí i gceist sa chás seo ná ciogal trí-bhliana - dá mbeadh an t-achomharcóir chun a chuid oideachais a chríochnú. Ghlac sé go raibh fadhb ann le bheith déileáilte le ach mheas sé nach ceann é le bheith réitithe ag an mBord Sláinte.

Scrúdaíodh an cheist den achomharcóir ag éileamh Cúnaimh Dhífhostaíochta agus léiríodh é, go bhféadfadh sé cáiliú do Liúntas Ar Ais Chun Oideachais faoi dheireadh faoin scéim sin. Sa chás seo, áfach, léirigh an tOifigeach Eolais ón Sheirbhís Eolais um Dhídeanaí go dtógfadh sé roinnt ama don achomharcóir cáiliú do liúntas dá leithéid. D'argóin sí go mbeadh air, go fírinneach, éirí as a chuid oideachais idir an dá linn, ag teacht mar ualach ar an Stát.

Dúirt an múinteoir tadhaill scoile gurbh í an chéad bhliain in oideachas lánaimseartha sa tír seo don achomharcóir agus go raibh sé san idirbhliain d'fhonn a chuid Bhéarla agus matamaitic a fheabhsú agus chun ligean dó dul isteach sa chúigiú bhliain. Thuairiscigh sé go raibh dul chun cinn maith déanta ag an achomharcóir agus d'argóin sé go raibh sé ríthábhachtach gur lean sé lena oideachas dara leibhéil i dtreo is go mbeadh sé in ann ranníocaíocht a thabhairt do shochaí na hÉireann. Mar fhreagra ar cheist ón Oifigeach Achomhairc, dúirt an múinteoir tadhaill nach raibh eolas aige ar aon mhac léinn eile sa scoil a bheith i gcás comhchosúil.

Dúirt an t-achomharcóir go raibh sé tábhachtach dó a oideachas a chríochnú i dtreo is nach mbeidh sé mar ualach ar an gcóras leasa shóisialaigh go fadtéarmach.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Mheas an tOifigeach Achomhairc go raibh an t-achomharcóir faoi míbhuntáiste mór ina chúinsí reatha. Thug sé faoi deara, gur tugadh réim tacaí fostaíochta agus roghanna oideachas isteach, thar na blianta, chun cabhair a thabhairt do na daoine dífhostaithe. Níor mheas sé gur tairiscint réalaíoch é, áfach, chun iarraidh ar an achomharcóir éirí as a oideachas agus síniú le haghaidh Cúnamh Dífhostaíochta, d'fhonn iarratas a dhéanamh ar Liúntas Ar Ais Chun Oideachais i gceann dhá bhliana. Mhachnaigh sé ó thaobh an Bhoird Sláinte de, nach mbeadh sé riamh mar rún go maoineodh an scéim Liúntas Leasa Forlíontach mic léinn do roinnt bhlianta. Mar sin féin, mhachnaigh sé gur chóir an cás seo a bheith measta mar cheann eisceachtúil, ag aithint nach bhféachfadh sé go bhfuil aon mheicníocht tacaíochta nó scéim shainiúil in áit chun cabhrú don achomharcóir chun leanúint lena oideachas agus a chumas a bhaint amach. Bhí sé sásta gur sholáthair an bun reachtaíocht [Alt 172(3) den Acht Leasa Shóisialaigh (Daingniú), 1993] ar an gcoinníoll go bhfuil cúinsí eisceachtúla sa chás, gur féidir Liúntas Leasa Forlíontach a bheith deonaithe chuig duine a cháileodh seachas dá eisiamh [faoi Alt 172(1)] agus iad ag freastal ar chúrsa staidéir Mar sin de, mheas sé go raibh an t-achomharcóir i dteideal leanúnach d'íocaíochtaí faoin scéim Liúntais Leasa Forlíontach.

Toradh: Achomharc ceadaithe

Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora

Cheist faoi chaibidil: Neamhnochtadh maoine.

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir éileamh ar Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora ina dhiaidh scaradh óna fear céile. Scrúdaíodh an cheist chomh-chónaithe ach níor cheadaíodh a éileamh ina dhiaidh sin de bharr maoine.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastail an t-achomharcóir ar an éisteacht gan tionlacan. D'fhiafraigh an tOifigeach Achomhairc ar an gCigire Leasa Shóisialaigh chun freastail ach ní raibh sí in ann dul. Ina éagmais, léigh an tOifigeach Achomhairc óna tuairisc. Shainigh sé nuair a thug sí cuairt ar an seoladh a tugadh d'fhear céile an achomharcóra, dúradh léi nach raibh sé ann ach go raibh sé fós ag cónaí leis an achomharcóir. Thaispeáin sé go raibh an t-achomharcóir curtha ar an eolas faoi seo agus d'inis sé go gcaithfí seoladh a fear céile a bhunú agus ba chóir dó dul i dteagmháil leis an gCigire nó sonraí dá sheoladh a sholáthar. Rinne sé tagairt do dhiúltú an achomharcóra go raibh siad fós ina gcónaí le chéile ach shainigh sé nach raibh aon teagmháil déanta leis an gCigire. Shainigh an tuarascáil gur thug an Cigire Leasa Shóisialaigh cuairt ar theach a thuismitheoirí don dara uair agus dúradh leis arís go raibh sé ag cónaí leis an achomharcóir. D'insíodh a leithéid don achomharcóir ach dhiúltaigh sé go raibh siad ina gcónaí le chéile, í ag rá nach raibh sí in ann tuiscint cén fáth a ndéarfadh a chlann gurb é seo an cás. Sholáthair an t-achomharcóir sonraí den árasán a dúirt sí ina raibh a fear céile ina chónaí ag an am sin ach thuairiscigh an Cigire gur seoladh neamhiomlán a bhí ann. Níor cheadaíodh éileamh an achomharcóra ina dhiaidh sin ar an mbonn gur theip sí a thaispeáint nach raibh a maoine sa bhreis ar an teorainn reachtúil toisc nár sholáthair sí seoladh iomlán agus ceart dá fear céile.

D'imlínigh an t-achomharcóir na cúinsí ag teacht suas chuig an briseadh síos dá pósadh, í ag tagairt do na deacrachtaí a bhí ag a fear céile ag déileáil le bás a dheartháir níos óige. Thuairiscigh sí gur chuaigh a gcaidrimh in olcas thar thréimhse agus gur tháinig deacrachtaí airgeadais sa bhealach orthu nuair a thosaigh sé ar chearrbhachas. Dúirt sí gur fhág sé an teach teaghlaigh faoi dheireadh agus chuaigh sé chun cónaí lena thuismitheoirí ar dtús, ag bogadh go árasán tamall ina dhiaidh sin. Mhaígh sí nach raibh aon teagmháil aici lena fear céile coimhthithe ina dhiaidh a scaradh, seachas nuair a tháinig sé chun a leanaí a fheiceáil. Dúirt sí nach raibh aon bhéilí aige sa teach agus nár chuaigh siad amach i gcuideachta a chéile go sóisialta. Thuairiscigh sí cé gur fhan comhaontú tionóntachta an údaráis áitiúil in ainm an bheirt acu, go raibh gach bille tí eile ina hainm anois. Dúirt sí gur bhraith sí go raibh sé an-dheacair déileáil ó thaobh an airgead de agus d'imlínigh sí sonraí dá hioncam agus den ranníocaíocht chothabhála do na leanaí. Thuairiscigh sí go raibh an chaidreamh idir í féin agus a céile níos fearr anois agus go ndúirt sí leis go raibh a sheoladh iomlán uaithi d'aidhmeanna leasa shóisialaigh. Thug sí na sonraí seo don Oifigeach Achomhairc.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Mheas an tOifigeach Achomhairc nár déileáladh go maith le héileamh an

achomharcóra agus go raibh briseadh rialacha ann de cheartas aiceanta. Thug sé faoi deara go gcomhairlíodh í go bhféadfadh go mbeadh a héileamh dícheadaithe ar na forais chomh-chónaithe, mar thacaigh an fhianaise ag an am dearbhú dá leithéid. Thagair an dícheadú a gearradh, do mhaoine, áfach. Léirigh sé go bhfuil dícheadú ar fhorais maoine difriúil go hiomlán ó cheann bunaithe ar chomh-chónaí agus go bhféadfadh sé a bheith argóinte gur amhlaidh go raibh an t-achomharcóir curtha amú. Bhraith sé gur léirigh an fhianaise nach raibh ach iarrachtaí teoranta déanta chun sonraí an tseolta a fhíorú nó chun fear céile coimhthithe an achomharcóra a chuir faoi agallamh. Sna cúinsí, chríochnaigh sé nach raibh an cinneadh bunaithe go fónta agus go gcaithfeadh éirí leis an achomharc.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora

Ceist faoi chaibidil: Ar shásaigh an t-achomharcóir, ó thír Afracach lárnach ó dhúchas, na coinníollacha do fháltas na hÍocaíochta do Theaghlaigh Aontuismitheora.

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir éileamh ar Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora ar dtús i 2000 ar an mbonn go raibh sí scartha óna fear céile. Níor ceadaíodh an t-éileamh seo, agus cloíodh leis an gcinneadh ar achomharc, ar na forais nach féidir breathnú uirthi mar chéile scartha mar choimeád sí roinnt teagmháil fós lena fear céile agus ní mheasadh go raibh an nasc pósta briste. D'éiligh sí Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora arís i 2002, an babhta seo mar thuismitheoir aonair. Tar éis tuarascáil a fháil ón Chigire Leasa Shóisialaigh, scríobh an tOifigeach Cinnidh chuig an achomharcóir, ag lorg freagra don aighneas go raibh a stádas gan athrú agus gur fhan sí scartha go geografach amháin. Níor fhreagair an t-achomharcóir agus dícheadaíodh a éileamh. Rinne aturnaetha ag feidhmiú ar son an achomharcóra achomharc i gcoinne an cinneadh seo, ag argóint nach raibh sí pósta go dlíthiúil. Mhaígh siad go raibh sí pósta i searmanas treibheach / traidisiúnta amháin agus dá bhrí sin gur chóir déileáil léi mar bhean singil a chónaigh lena páirtí. Bhí éisteacht bhéil den chás sceidealta cheana nuair a chuir an t-achomharcóir teastas báis dá sean páirtí (a fhuair bás i 2001) isteach. Lean an tOifigeach Achomhairc ansin ag socrú an achomharc gan éisteacht bhéil, ar an mbonn den fhianaise ar fáil air.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Mheas an tOifigeach Achomhairc go raibh impleachtaí soiléir ag bás a páirtí dá éileamh. Dá mbeadh sí pósta go dlíthiúil, bhí sí ina baintreach anois le teideal ábhartha d'Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora mar bhaintreach. Sna cúinsí seo, bheadh uirthi teastas pósta chomh maith le teastas báis a sholáthar. D'aithin sé go raibh constaic ann di chun é sin a dhéanamh nuair a dúirt sí go raibh an pósadh traidisiúnta agus dá bhrí sin ní raibh sé cláraithe ina tír dhúchais. Ar an láimh eile, mura raibh sí pósta go dlíthiúil mar a bhí argóinte ag a haturnaetha, ansin bhí ar a teideal d'Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora a bheith socraithe maidir lena stádas mar thuismitheoir aonair.

Bhí an tOifigeach Achomhairc ag lorg soiléiriú ó Oifig an Ard-Chláraitheora. Tugadh comhairle dó go bhféadfadh póstaí traidisiúnta a bheith aitheanta nuair a bhí póstaí dá leithéid déanta 'faoi dlí agus nós dúchais' agus nuair:

- a chloí an pósadh le dlí Éireannach ionas go raibh na rannpháirtithe d'aois 18 nó níos mó agus nach raibh an pósadh polagamach;
- a bhí searmanas pósta tar éis tarlú, agus
- bhí stádas dlíthiúil ag an searmanas sa tír inar tharla sé.

Tugadh comhairle chomh maith don Oifigeach Achomhairc go bhfuil foráil ann d'Oifig an Ard-Chláraitheora chun sonraí dá leithéid a fhíorú, le heolas á sholáthar ó dhaoine cosúil le seanóirí treibheacha trí na hambasáidí ábhartha.

Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go bhfuair fear céile an achomharcóra bás i 2001, beagnach bliain roimh an cinneadh níos luaithe den Oifigeach Achomhairc maidir lena céad éileamh. Mheas sé cé go bhféadfadh sé a bheith breathnaithe mar shonraíoch nach raibh a fhios aici faoina bhás, d'fhéadfadh go nglacfadh leis freisin mar fhianaise dá scaradh agus ba fianaise nua é nach raibh ar fáil don Oifigeach Achomhairc i 2002. Thug sé faoi deara gur chuir an t-achomharcóir í féin i láthair mar bhean pósta ag céimeanna difriúla, ar nós nuair a rinne sí a céad éileamh agus arís nuair a bhí sí ag lorg stádas dídeanaí (rud a bhronnadh i 2002). Phléigh a aturnaetha, go raibh sí pósta go dlíthiúil agus d'argóin siad nach raibh aon stádas dlíthiúil ag a pósadh traidisiúnta sa tír seo, áfach.

Mheas an tOifigeach Achomhairc gurb é an cheist le bheith socraithe sa chás ná an t-éileamh déanta ag an t-achomharcóir i 2002 mar *dhuine neamhphósta*. Bhraith sé nach raibh cinneadh an tOifigeach Cinnidh ar an éileamh seo i gceart mar bhí 'fear céile' an achomharcóra marbh ag an am sin. Thug sé faoi deara gur rinne a haturnaetha an argóint go raibh pósadh an achomharcóra neamhfhoirmiúil agus gurb é 'neamhphósta' an stádas a bhí aici. Bhí sé sásta, nach féidir pósadh traidisiúnta dá leithéid seo a bheith neamháirithe agus go bhfuil meicníocht ann trína d'fhéadfadh sé a bheith aitheanta go foirmiúil. Thug sé faoi deara go raibh go leor fianaise ann chun a léiriú go raibh an t-achomharcóir pósta ach níor bhraith sé nach raibh sé dóchúil a bheith go leor chun ligean di cáiliú don Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora mar bhaintreach. D'fhéach sé ar seo mar ábhar don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, ag tabhairt faoi deara go bhfuil meicníocht ann trína mbeadh an t-achomharcóir in ann aitheantas a fháil dá pósadh traidisiúnta.

Ar deireadh bheartaigh an tOifigeach Achomhairc go raibh an t-achomharcóir i dteideal Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora, mar dhuine aonair nó mar bhaintreach. Agus an t-achomharc á shocrú, ghlac sé le haighneas a haturnae ag an am sin go bhféadfadh sí a bheith breathnaithe amháin mar bhean a bhí ag comhchónaí le páirtí roimhe. Mar sin de, cheadaigh sé a hachomharc ón dáta níos luaithe i 2000, ag tabhairt faoi deara go mbeadh sí ag fáil íocaíochtaí ón mBord Sláinte don chuid is mó den am seo.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Pinsean Seanaoise (Neamh-Ranníocach)

Ceist faoi chaibidil: Réamhdhátú bronnadh an phinsin. Ceist maidir leis an soláthair d'eolas ar theidil ardaithe chomh maith.

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir éileamh ar Phinsean Seanaoise Neamh-Ranníocach i Meitheamh 2003 agus bronnadh €39.00 in aghaidh na seachtaine di ó dháta a éileamh. Theastaigh uaidh go ndéanfaí réamhdhátú ar an mbronnadh go Meán Fómhair 2002, nuair a d'fhill sé go hÉireann.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastail an t-achomharcóir ar an éisteacht gan tionlacan. Léirigh sé na forais ar a d'iarr sé a phinsean a bheith réamhdhátaithe. Thuairiscigh sé nuair a d'fhill sé go hÉireann, tar éis oibriú do roinnt blianta sa Ríocht Aontaithe, gur chuaigh sé go dtí an tIonad Eolais do Shaoránaigh áitiúil chun a fháil amach mar gheall ar tithíocht agus aon teideal eile a d'fhéadfadh a bheith aige. Tugadh líon bileoga eolais dó, le roinnt chinn a rinne tagairt do scéimeanna leasa shóisialaigh san áireamh. Thuairiscigh sé nach fiafraíodh dó faoina phinsean scoir na Breataine, ná ní tugadh comhairle dó má cheap sé go raibh se i dteideal aon pinsean Éireannach, gur chóir dó iarratas a dhéanamh gan mhoill d'fhonn caillteanas íocaíochta a sheachaint. Shoiléirigh sé cé gur bhraith sé éagóirithe mar gheall ar seo, níor chuir sé an milleán orthu san Ionad Eolais do Shaoránaigh toisc nár chuireadar ar an eolas é faoina teidil iomlána.

Dearcadh an tOifigeach Achomhairc: Mheas an tOifigeach Achomhairc gur finné inchreidte é an achomharcóir agus ghlac leis an méid a dúirt sé a bheith fíor. Bhraith sé go raibh níos mó i gceist sa chás ná easpa eolais maidir le teidil. Thug sé faoi deara go ndearna an t-achomharcóir fiosrúcháin, chomh luath agus gur féidir ag ionad eolais maoinithe go hoifigiúil. Bhraith sé agus an méid sin déanta aige, gur chóir an t-achomharcóir fágáil lena eolas go léir a bhí ag teastáil uaidh chun éileamh tapaigh do phinsean Éireannach a dhéanamh. Thug sé faoi deara go soláthraíonn an reachtaíocht leasa shóisialaigh do réamhdhátú bronnta d'íocaíocht nuair atá an mhoill ag déanamh an éilimh toisc eolas tugtha ag oifigeach an Aire (faoi Ionstraim Reachtúil 159 de 2000). Cé go d'aithin an tOifigeach Achomhairc nach bhfuil na ndaoine a oibríonn sna hIonaid Eolais do Shaoránaigh mar oifigeach an Aire, thug sé faoi deara go bhfuil na hIonaid féin maoinithe ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh trí Comhairle (an ghníomhaireacht reachtúil atá freagrach as tacaíocht a thabhairt don soláthar d'eolas, chomhairle agus abhcóideacht ar sheirbhísí sóisialta). Ar an mbonn seo, chríochnaigh sé go raibh foireann an Ionaid a bhí i gceist, ag feidhmiú go hindíreach ar son an Aire agus gur rinne sé réamhdhátú ar bhronnadh an phinsin go Meán Fómhair 2002.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Cúnamh Dífhostaíochta (Ró-íocaíocht)

Ceist faoi chaibidil: Ró-íocaíocht de Chúnamh Dífhostaíochta do laethanta ar a raibh sé maíte go raibh an t-achomharcóir ag obair.

Cúlra: Ina dhiaidh imscrúdú dá éileamh ag Cigire Leasa Shóisialaigh, bhraith an tOifigeach Cinnidh go raibh Cúnamh Dífhostaíochta íoctha don achomharcóir do laethanta ar a raibh sé ag obair. Dá réir sin, measadh nach raibh sé i dteideal íocaíocht a fháil do na laethanta sin agus measadh gur ró-íocaíocht é an méid a bhí i gceist.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastal an t-achomharcóir gan tionlacan. D'iarradh ar an gCigire Leasa Shóisialaigh freastal ach theip air é sin a dhéanamh.

D'éagmais an Chigire Leasa Shóisialaigh, léigh an tOifigeach Achomhairc óna thuarascáil. Thagair sé do litir a bhí scríofa aige chuig fostóir an achomharcóra i mBealtaine 2003, ag lorg sonraí de na laethanta sin ar a d'oibrigh an t-achomharcóir dó. Chomhlíon an fostóir foirm, ag taispeáint go n-oibrigh an t-achomharcóir ar dhátaí in Aibreán agus Bealtaine 1999. Rinne an tOifigeach Achomhairc tagairt d'fhianaise a léirigh gur shínigh an t-achomharcóir do Chúnamh Dífhostaíochta ar na dátaí i gceist. Thug sé comhairle don achomharcóir go léirigh na haischuir P35 déanta ag a fhostóir do na Coimisinéirí Ioncaim go raibh sé fostaithe do 50 seachtain sa bhliain cháin ioncaim 1999/2000. Mar fhreagra, bhí an t-achomharcóir diongbháilte nár oibrigh sé do 50 seachtain sa bhliain sin. Ina fhianaise, dhiúltaigh sé go n-oibrigh sé ar na laethanta i gceist. D'admhaigh sé go n-oibrigh sé do dhá lá gan pá, ar bhonn trialach, go luath sula cháiligh sé do Liúntas um Fhilleadh ar an Obair ach dúirt sé nach raibh sé in ann smaoineamh ar cén dhá lá a d'oibrigh sé.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Bhraith an tOifigeach Achomhairc go raibh coimhlint fianaise sa chás agus thug sé faoi deara nach fhreastal an Cigire Leasa Shóisialaigh chun a thuarascáil a chomhdhearbhú. Thug sé faoi deara chomh maith gur shainigh, an fostóir i litir clóscríofa nach raibh sínithe, (dátaithe 24 Bealtaine 1999), gur thosaigh an t-achomharcóir ag obair dó ar 13 Bealtaine 1999. Shocraigh sé sna cúinsí go léir go mbeadh sé neamhchríonna gan cead a thabhairt don achomharc agus bhraith sé go bhfeidhmeoidh aon chúirt sa slí céanna, d'éagmais chomhdhearbhaithe na fianaise. Rinne sé an pointe go bhfuil iallach ar na hOifigigh Achomhairc ag na rialacha céanna d'fhianaise.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Sochar Díobhála Ceirde

Ceist faoi chaibidil: Ar fhulaing an t-achomharcóir le galar orduithe laistigh de bhrí na reachtaíochta Sochair Díobhála Ceirde.

Cúlra: D'oibrigh an t-achomharcóir do chomhlacht chúraim sláinte do beagnach 13 bliain, go dtí go d'fháthmheasadh í le plúchadh i 1998. Ina dhiaidh an fháthmheasa sin, bhí sí ar saoire breoiteachta go dtí 2003 nuair a d'éirigh sí as a post leis an gcomhlacht. Diúltaíodh a éileamh ar Shochar Díobhála Ceirde ar na forais nár fhulaing sí ó ghalar ordaithe laistigh de bhrí na reachtaíochta rialaithe.

Éisteacht Bhéil: Bhí fear céile an achomharcóra in éineacht léi. D'imlínigh an tOifigeach Achomhairc an cheist faoi chaibidil agus thug sé comhairle don achomharcóir faoin bhfianaise a bhí aici roimpi.

D'imlínigh an t-achomharcóir cúlra a tinneas. Thuairiscigh sí go n-oibrigh sí i seomra ina raibh púdar peinicilline curtha i mbuidéil. Bhí scaobadh púdair peinicilline ó dhruma istigh in inneall buidéil i dtreis sa phróiseas. Ansin cuireadh na buidéil isteach i mboscaí ach d'fholmhaíodh ábhair na buidéil colfairte ar ais isteach i ndruma. Dúirt sí gur scaoil an próiseas folmhaithe na mbuidéil a lán púdar isteach san atmaisféar. Thuairiscigh sí go d'éirigh a craiceann an-thirim agus go raibh deacrachtaí ag análú aici. Thuairiscigh sí ar ócáid ar leith nuair a bhí uirthi púdar doirte a scaobadh suas lena lámha chun é a dhiúscairt. Thuairiscigh sí go raibh deacrachtaí ag análú aicí go gairid ina dhiaidh na heachtra seo. Dúirt sí go d'éirigh an fhadhb níos measa thar am agus go raibh in easnamh go minic ó obair sna blianta ina dhiaidh sin. D'fháthmheas a dochtúir teaghlaigh, broincíteas agus d'ordaigh sé stéaróidigh dí do thréimhsí gearra. Dúirt sí nuair go rachadh sí ar ais ag obair, nuair a tháinig feabhas ar an riocht ina dhiaidh cóireáil. Mhaígh sí, gur mheathlaíodh a riocht i gcónaí nuair a thosaigh sí ar ais ag obair. D'fháthmheasadh a plucadh i 1998 ag comhairleach i leighis riospráide agus cuireadh cóip dá thuarascáil isteach roimh an éisteacht bhéil. Thuairiscigh an t-achomharcóir go raibh caingean shibhialta tógtha aici i gcoinne a fostóir agus go socraíodh é lasmuigh na cúirte.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Bhraith an tOifigeach Achomhairc ar deireadh nach raibh tinneas an achomharcóra laistigh den liosta de ghalair ordaithe, nuair nach bhfuil oscailteacht do pheinicillin orduithe maidir le plúchadh ceirde. Smaoinigh sí freisin cé go mheasfadh plúchadh an achomharcóra a bheith mar thoradh ar thimpiste ag obair ach bhí sí sásta nár thacaigh sraith na himeachtaí a d'imlínigh an t-achomharcóir conclúid dá leithéid. Bhraith sí gur cás galair é seo, cé go raibh sé inchurtha ar fhostaíocht, ní galar ordaithe é atá clúdaithe ag an reachtaíocht. Sna cúinsí, chríochnaigh sí á rá nach féidir eirí leis an achomharc.

Toradh: Achomharc dícheadaithe.

Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora

Ceist faoi chaibidil: An raibh an t-achomharcóir i dteideal Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora i rith na tréimhse ina raibh a fear céile i bpríosún.

Cúlra: Rinne an t-achomharcóir éileamh ar Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora i Nollag 2002. D'iarr an tOifigeach Cinnidh go soláthródh sí a teastas breithe féin agus teastais breithe a leanaí, a teastas pósta agus ráiteas ón gobharnóir príosúin i dtaobh príosúnacht a céile. Scríobh an tOifigeach Cinnidh chuici trí sheachtain ina dhiaidh sin, ag tabhairt comhairle di go d'aistarraingíodh a éileamh mar theip uirthi an t-eolas a lorgaítear a sholáthar. D'fhreagair an t-achomharcóir, ag maíomh nár aistarraing sí a héileamh. Ansin scríobh an tOifigeach Cinnidh ansin chuig na húdaráis príosúnachta agus sheol sé iarratas eile don achomharcóir don eolas a lorgaíodh ar dtús. Toisc gur athraigh sí a seoladh, d'iarradh ar Chigire Leasa Shóisialaigh tuairisciú ar a maoine agus ar athrú cúinsí. Críochnaíodh an tuarascáil sin i Meán Fómhair agus léirigh sé gur shásaigh an t-achomharcóir na coinníollacha do fháltas na híocaíochta agus nár aistarraing sí a héileamh. Scríobh an t-achomharcóir arís chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, ag athlua a suíomh maidir lena éileamh. Mar sin féin, níor cheadaigh an tOifigeach Cinnidh a éileamh ar na forais go d'aistarraingíodh a éileamh, ag macasamhlú an cinneadh de Aibreán 2003. I Nollaig 2003, chuir an t-achomharcóir foirm éilimh eile isteach, ag iniamh na teastais riachtanacha go léir. Idir an dá linn, dhearbhaigh gobharnóir príosúin na sonraí faoi phianbhreith a fear céile. Láimhseáladh leis an éileamh seo agus litir tionlactha ó Oifigeach Leasa Pobail mar achomharc. Bhronn an tOifigeach Cinnidh íocaíocht ag an uasráta ón dáta a fuarthas na teastais. Ina aighneas achomhairc scríofa, shainigh sí nach ndearna sí réamhdhátú ar íocaíocht mar bhraith sí go raibh deis fhairsing ag an t-achomharcóir chun na cáipéisí a sholáthar ag dáta níos luaithe. Dhéileáil an tOifigeach Achomhairc leis an t-achomharc ar bhonn achoimre.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Léirigh an tOifigeach Achomhairc nach bhfuil sé oscailte d'Oifigeach Cinnidh i gcás ar bith éileamh a aistarraingt i dtreo is go bhfuil an dá cinneadh a rinneadh ar an mbonn seo ar neamhní. Scrúdaigh sé an tríú ceann mar an t-aon chinneadh bailí sa chás. Chríochnaigh sé á rá, go raibh sé mícheart, áfach, mar bhronn sé íocaíocht amháin ó dháta i Nollag 2003, ag srathú pionós an suntasach go héifeachtach ar an achomharcóir. Thug sé faoi deara chomh maith nár dúradh leis an achomharcóir nár ceadaíodh a éileamh don tréimhse Nollaig 2002 go Nollaig 2003 agus nár dúradh léi an fáth don dhícheadú. Bhraith sé go raibh, mar sin, a ceart chun cás a dhéanamh i gcoinne an dícheadú bainte uaithi agus gur sheas sé seo do bhriseadh sna rialacha an cheartais aiceanta. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go raibh an t-éileamh a rinneadh i Nollaig 2002 fós ar marthain toisc nach raibh sé aistarraingthe ag an achomharcóir agus bhronn sé íocaíocht le feidhmiú ón dáta sin. Cé gur ghlac sé go raibh sé roinnt mhaith den mhoill sa chás seo inchurtha do righneas an achomharcóra ag cur an doiciméadú riachtanach isteach, na cáipéisí cuí a chur faoina mbráid is cúis le moill an gcás seo, bhí sé buartha chomh maith mar gheall ar an am a thóg sé ar an Roinn déileáil leis an éileamh seo. Chuir sé in iúil a dhearcadh gur chóir a bheith tuisceanach maidir le cliaint a thagann ó staid faoi mhíbhuntáiste, agus gurb amhlaidh a bhí i gcás an achomharcóir anseo.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Pinsean Seanaoise (Neamh-Ranníocach)

Ceist faoi chaibidil: Scrúdú cúlghabhálach ar acmhainní agus fad na huaire ag tabhairt faoi deara go raibh bean céile an achomharcóir fostaithe fad agus a bhí méadú á fháil aige di mar dhuine fásta cáilithe ina phinsean. Beartaíodh go raibh ró-íocaíocht de €21,000 i gceist.

Cúlra: Bhí an achomharcóir, feirmeoir, ag fáil Pinsean Seanaoise a bhí bunaithe ar a chuid acmhainne. Nuair a iarr a bhean céile Sochar Dífhostaíochta i 2000, tháinig sé chun solais go raibh sí fostaithe sna blianta 1993 go 1999, agus i rith an ama seo bhí íocaíochta á fháil ina phinsean aige di mar dhuine fásta cáilithe.

Tar éis fiosrúchán a dhéanamh rinne an tOifigeach Cinnidh athbhreithniú ar an measúnú dá acmhainní agus an ráta pinsean a fhreagraíonn dó ionas cuntas a fháil den mhéid a bhí a bhean céile ag tuilleamh agus rinne sé amach ró-íocaíocht de €21,000. Dúradh nár chuir an t-achomharcóir in iúl go raibh a bhean céile tosaithe i bhfostaíocht.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastal an achomharcóir leis féin agus d'fhreastal an Cigire Leasa Shóisialaigh toisc gur iarr an tOifigeach Achomhairc í a bheith ann.

Ina fianaise, thuairiscigh an Cigire Leasa Shóisialaigh, gur léirigh cuntais a bhí ar an ríomhaire ag an Roinn go raibh bean céile an achomharcóir ag tuilleamh ó fhostaíocht sna blianta 1993 go 1999 agus go raibh sí ar chlár chun dul thar n-ais ag obair ag FÁS a thosaigh i Márta na bliana 2000. Chuir sí tuairisc dá leithéid sin faoi bhráid an Oifigigh Chinnidh a thóg cinneadh athbhreithnithe, ag laghdú ráta pinsin an achomharcóra a thosaigh ó dháta ar leith i 1993.

Maidir leis an measúnú dá acmhainní ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, thagair an achomharcóir do na scrúduithe feirme íseal a ghlac na Coimisinéirí Ioncaim leo i gcóir cúiseanna cánacha. Mhínigh an tOifigeach Achomhairc go bhféadadh na measúnuithe do chúiseanna cánacha a bheith difriúil os na measúnuithe do chúiseanna leasa shóisialaigh ach níor theastaigh ón achomharcóir glacadh leis an méid seo. D'fhiafraigh an t-achomharcóir cén fáth nach raibh an measúnú athchóirithe déanta sa bhliain 2000 nuair a bhí athbhreithniú iomlán déanta aige dá chuid acmhainní. Léigh an tOifigeach Achomhairc ó thuairisc ar an comhad agus chuir sé in iúil gur fhiafraigh an Cigire Leasa Shóisialaigh a chuir an achomharcóir faoi agallamh ag an am cibé an raibh a bhean céile fostaithe. Níor thug an achomharcóir aon mhíniú ar fáil maidir le cén fáth nár inis sé don Chigire mar gheall ar fhostaíocht a bhean céile. D'imigh an tOifigeach Achomhairc tríd na figiúirí go léir a bhí ar an bhfoirm den mheasúnú acmhainne a líonadh i 2000 agus d'fhiafraigh sé den achomharcóir ar theastaigh uaidh aon cheann acu a cheistiú. Ghlac an t-achomharcóir leis na figiúirí mar na figiúirí cearta ach chuir sé in iúl nach gnáth bhliain a bhí ann agus dúirt sé gur dócha gurb é an bhliain is fearr dá raibh aige riamh é. Lorg sé níos mó ama ionas go mbeadh sé ábalta eolas níos cruinne a fháil os na Coimisinéirí Ioncaim agus thug an tOifigeach Achomhairc mí dó chun é sin a dhéanamh.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Bhraith an tOifigeach Achomhairc nach gcabhródh an t-eolas breise seo a bhí sé chun a sholáthar óir nach raibh ann ach cuntais fheirme bhunúsacha líonta aige féin. Ag an am céanna bhraith sé go raibh dhá phointe eile a bhí tábhachtach agus bhí an tOifigeach Cinnidh tar éis dearmad a dhéanamh orthu. An chéad pointe ná go raibh sé de dhualgais ag an Roinn a chinntiú go raibh bean céile an achomharcóra ag fáil íocaíochta difhostaíochta sula mbeadh sí ábalta páirt a ghlacadh i scéim FÁS i Márta na bliana 2000. Dá bhrí seo, bhraith an tOifigeach Achomhairc nach bhféadadh an Roinn a bheith gan fhios acu go raibh sí fostaithe i 2000 nó roimhe sin. An dara phointe ná nár chuireadh obair teaghlaigh insan áireamh nuair a bhí ioncam na feirme á mheas agus bhraith sé gur dearmad bunúsach é seo. Os rud é go bhfuil an achomharcóir beagnach 78 bliain d'aois, bhraith an tOifigeach Achomhairc go gcaithfí cuimhneamh ar a chumas chun feirm a rith gan cabhair. Bhí sé sásta, sna cúinsí, go gcaithfidh saothair teaghlaigh a bheith san áireamh agus chríochnaigh sé á rá go raibh suim sa réigiún de €76.50 in aghaidh na seachtaine cuí. Toisc go raibh sé seo cóngarach do cad a thuill bean céile an achomharcóra, shocraigh sé an fritháireamh do shaothair agus suim a bhí cothrom lena tuilleamh, le feidhmiú ón dáta ar a laghdaíodh a phinsean. Dá bhrí sin, d'éirigh leis an achomharc.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Stádas Árachais Shóisialaigh

Ceist faoi chaibidil: An bhfuil na hachomharcóirí bainteach faoi chonradh seirbhíse mar fhostaithe, inárachais ag ráta Rang A d'árachas shóisialta, nó conradh do sheirbhís mar dhaoine féin-fhostaithe, inárachais ag ráta Rang S.

Cúlra: Bhain an cás le ceathrar achomharcóir, bunaitheoirí iad go léir agus scairshealbhóirí cothroma i gcomhlacht teoranta príobháideach bunaithe i 2000 chun tacaí a sholáthar do chomhlachtaí teilifíse. I 2003, thug a gcuntasóir faoi deara gur athchuireadh ranníocaíochtaí Rang A ach mhaígh sé go raibh Rang S mar an ráta cuí agus lorg sé aisíoc den dhifríocht. Ina dhiaidh imscrúdú, thuairiscigh Cigire Leasa Shóisialaigh gur bhraith sé go raibh na hachomharcóirí féinfhostaithe. Shocraigh an tOifigeach Cinnidh, áfach, go raibh siad inárachais ag an ráta Rang A. Cé gur ghlac sé nach raibh aon duine faoi réir smachta agus treorach, mheas sé go raibh an fhostaíocht faoi chonartha seirbhíse mar sholáthair gach ceann saothair amháin, a bhí mar sheirbhís phearsanta agus nach féidir cúntóir a fhostú nó ionadaí a sheoladh. Ina chinneadh, rinne sé tagairt do Bhreithiúnas na hArd-Chúirte sa chás Stakelum v. Canning [1976] IR 314 nuair a ghlacadh leis go bhfuil stiúrthóir measta mar fhostaí tuarastail.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastail ceann de na hachomharcóirí, in éineacht leis an gcuntasóir ag seasamh don cheathrar go léir. D'fhreastail an tOifigeach Cinnidh agus an Cigire Leasa Shóisialaigh ar iarratas an Oifigigh Achomhairc.

Ar son na n-achomharcóirí, ghéill a gcuntasóir nach raibh aon saoiste foriomlán; nach raibh aon phost sainiúil tugtha d'aon cheann de na hachomharcóirí; nach raibh aon duine ar leith freagrach do na daoine eile do thascanna áirithe, agus nach raibh iallach ar aon duine tuarascáil a thabhairt do na daoine eile. Mhaígh sé gur rinneadh gach cinnidh i gcomhaontú, gur thóg gach ceann de na hachomharcóirí laethanta saoire nuair a theastaigh uathu, gan a rá do na daoine eile ach do chúiseanna praiticiúla. Dhearbhaigh sé nach raibh aon íosmhéid uaireanta oibre sainithe, go raibh an luach saothair ag brath ar leibhéal na brabúsachta agus nach raibh aon duine ar leith i dteideal suim comhaontaithe gan trácht ar leibhéal na brabúsachta. Mhaígh sé gur ealaíontóirí iad na daoine a bhí i gceist a bhí an-spreagtha agus a ghlac cur chuige coláisteach don obair, mar a bhí soiléir sa rannpháirtíocht den cheathrar in idirbhearta chun ceardlann a cheannach.

D'imlínigh an tOifigeach Cinnidh na forais ar a mheas sé go raibh na hachomharcóirí inárachais mar fhostaithe, ag an ráta Rang A. Shainigh sé gur scairshealbhóirí mionlaigh iad na hachomharcóirí go léir agus go bhféadfadh aon cheann acu, dá bhrí sin, a bheith

ath-vótála. Rinne sé tagairt don phrionsabal, bunaithe i Stakelum v. Canning [1976] IR 314, go bhféadfadh stiúrthóir agus scairshealbhóir a bheith measta mar fhostaí.

Níor ghlac a gcuntasóir leis an bhfíric gur scairshealbhóirí mionlaigh iad na hachomharcóirí nach bhféadfaidís a bheith measta mar fhéinfhostaithe. Rinne sé an argóint go bhféadfadh comhpháirtíochta, sa réim dlíthiúil, páirtithe le stádas iomlán agus sóisearach araon a bheith ann, le páirtithe sóisearach iarrtha chun tuairisc a thabhairt do pháirtí bainistíochta agus a bheith freagrach as a gcuid oibre. Rinne sé tagairt chomh maith do chás Ard-Chúirte a bhain le triúr deartháir a bhí mar chomh-scairshealbhóirí agus stiúrthóirí ar ostán. Bhraith ceann de na deartháireacha go raibh gníomhartha na ndaoine eile dochrach dá leasanna agus thóg sé caingean ina gcoinne. Thacaigh an Chúirt go raibh ceart sásaimh aige ar fhorais smachtaithe de shuim mionlach agus rialaigh sé gur chóir dá dheartháireacha a shuim a cheannach. (Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go bhféadfadh an cás faoi Murph's Restaurant a bheith ina aigne aige, a bhain le himeachtaí chun comhlacht a chríochnú.)

Dúirt an t-achomharcóir, a d'fhreastail ar an éisteacht bhéil gur theastaigh uaidh agus triúr eile dul i ngnó le chéile. Thuairiscigh sé gur bhunaigh siad mar chomhlacht teoranta, gan mórán réamhsmaoineamh, mar mhaoine chun a nochtadh airgeadais pearsanta a theorannú. Shainigh sé nach raibh aon oibrithe eile, cé gur thóg siad obair amach ar chonradh ó am go ham.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Bhraith an tOifigeach Achomhairc nach raibh na pointí déanta ag an Oifigeach Cinnidh gan tuillteanas ach chríochnaigh sé á rá go raibh sé riachtanach radharc níos leithne a thógáil agus chun féachaint laistiar de struchtúr foirmiúil an chomhlachta i dtreis. Bhraith sé ar cad a tharla ná gur tháinig ceathrar le tallann ealaíonta le chéile agus moladh dóibh comhlacht teoranta a bhunú chun a nochtadh airgeadais a theorannú. Le sin a dhéanamh, bhí siad ag bunú an ghnó iad féin agus gan an intinn a bheith ag obair do aon duine eile mar fhostaithe. Mhachnaigh sé gur bhain gach aon duine taitneamh as féinriail phearsanta ina gcuid oibre, go raibh siad go léir mar bhunaitheoirí agus infheisteoirí sa ghnó, gur ghlac siad go léir páirt i gcinnidh bhainistíochta agus infheistíochta agus gur sheas siad chun brabach a dhéanamh óna rath, nó teach faoi chaillteanais má theip air. Chonclúid sé go raibh na hachomharcóirí, in éifeacht, ag obair lena chéile i riocht comhlacht teoranta. Mar sin de, bhí sé sásta go raibh an fhostaíocht faoi chonartha *do* sheirbhís agus go raibh Rang S, maidir le stádas féinfhostaithe, an ráta cuí do ranníocaíocht árachais shóisialaigh.

Toradh: Achomharc ceadaithe

Liúntas Cúramóra

Ceist faoi chaibidil: Cé acu go bhfuil an Liúntas Cúramóra iníoctha do bheirt chúramóirí ar bhonn gach ré seachtaine.

Cúlra: Bhí na hachomharcóirí sa chás bainteach le socrú altrama mar a thug gach aon acu aire do leanbh faoi mhíchumas ina bhaile féin ar bhonn gach ré seachtaine. Bhí an socrú seo ar bun le tuairim is seacht mbliana. Ní raibh aon chúram cónaithe i gceist. Rinneadh an Bord Sláinte Liúntas um Chúram Baile a dhámhachtain agus íocadh na hachomharcóirí araon maidir leis an tréimhse inar thug siad cúram don leanbh.

Tionóladh éisteacht bhéil i 2000. D'fhreastail na hachomharcóirí araon, chomh maith leis an oibrí sóisialach bainteach leis an gcás Léirigh na hachomharcóirí méid an chúraim is gá, ag maíomh nach bhféadfadh aon duine eile leibhéal cúraim mar seo a chur ar fáil ina aonair. Thacaigh an t-oibrí sóisialta leo sa dhearbhú seo. Mhol sí go raibh an leanbh i gcúram an Bhoird Sláinte agus dhírigh sí go mbeadh sé i gcúram baile mura raibh an socrú altrama i gceist. Mhaígh sí gur cás eisceachtúil é seo agus a raibh sé, ar feadh a heolais, mar an gcéad socrú mar seo sa tír.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach Achomharc méid an chúraim á chur ar fáil faoi deara agus bhreathnaigh sé/sí go raibh na hachomharcóirí bainteach le saothar gan chúiteamh. Chonclúidigh sé, áfach, nár bhain an socrú altrama roghnaithe le riachtanas chun cúram agus aire lánaimseartha a chur ar fáil, mar a imlíníodh sa reachtaíocht leasa shóisialaigh rialaithe. Mar sin de, chonclúidigh sé nach bhféadfadh éirí leis an achomharc.

I rith 2004, scrúdaíodh an cheist de chúram roghnaithe sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, i gcomhthéacs do choinníollacha cáilithe don Liúntas Cúramóra Fuarthas anseo gur shonraigh an reachtaíocht ábhartha nach raibh ach Liúntas Cúramóra amháin iníoctha maidir le cúram agus aire lánaimseartha a bheith curtha ar fáil in aon chás áirithe, ní raibh aon rud sa reachtaíocht chun íocaíocht chuig cúramóir a stopadh ar bhonn gach ré seachtain. Mar thoradh den athbhreithniú seo, agus le tagairt do chonclúid na Roinne maidir leis an gceist do chúram roghnaithe, d'athscrúdaigh an tOifigeach Achomharc an achomharc. Fuair sé cé gur bhain an Roinn a cás go héifeachtúil, ba chóir a chinneadh níos luatha a athbhreithniú le héifeacht ón dáta ábhartha i 2000. Chinn sé go raibh gach aon achomharcóir ag dul do Liúntas Cúramóra a fháil d'aon seachtain inar cuireadh cúram agus aire lánaimseartha curtha ar fáil don leanbh.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Pinsean Seanaoise (Neamh-Ranníocach)

Ceist faoi chaibidil: Measúnú maoine - caipiteal faighte ag an t-achomharcóir ina dhiaidh socrú eastáit a deartháir, trócaire air.

Cúlra: Chónaigh an t-achomharcóir agus a deartháir, iad araon singil, i dteach a muintire ar feadh a saoil go léir. Nuair a cailleadh a deartháir, rinneadh éileamh in aghaidh a eastáit ar son leanbh, a rugadh mar thoradh ar chaidreamh a rinne sé go déanach ina shaol. Is é a bhí san eastát ná teach tábhairne agus an áit chónaithe lastuas inar chónaigh sé agus an t-achomharcóir. Bhí iarmhéid an chaipitil d'ord €100,000, tar éis éilimh an linbh a shocrú. Rinneadh é seo a mheasúnú mar acmhainn agus theip ar an achomharcóir a cháiliú do Phinsean Seanaoise.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastail an t-achomharcóir, in éineacht lena haturnae, agus a mac deartháir. D'fhreastail an Cigire Leasa Shóisialaigh ar iarratas an Oifigigh Achomhairc.

Cuireadh faoi bhráid go raibh an teach tábhairne agus an teach cónaithe i gceist sa chás go héifeachtach mar áitreabh amháin.

Bhí seo mar ghnó teaghlaigh an achomharcóra agus chónaigh sí ar an áitreabh riamh. Díoladh an teach tábhairne agus an teach cónaithe mar aonad amháin i ndiaidh báis dhearthár an achomharcóra. Cheannaigh a mic dearthár an maoin, a lig an teach tábhairne ar léas do pháirtí eile agus a ceadaigh don achomharcóir maireachtáil gan chíos sa chóiríocht lastuas. Bhí sí freagrach as na costais go léir maidir leis an áitreabh agus d'íoc sí as na táillí seirbhíse go léir. Ní raibh aon ról aici sa tigh tábhairne a rith agus ní raibh sí páirteach in aon fhoirm d'fhostaíocht.

D'argóin a haturnae cé nár sholáthair an reachtaíocht go háirithe do neamhshuim chaipitil i gcásanna mar seo, gur féidir an socraíocht a thabhairt mar chóiríocht fothainiúil, curtha i gcrích ag muintir an achomharcóra mar mhodh do chúram a chur ar fáil di. Dheimhnigh sé go mbeadh an chnapshuim i gceist scaipthe i gcostais thar na blianta má theip ar an achomharcóir cáiliú do phinsean, agus nach mbeadh sé ar fáil di do chúram tí altranais nuair a thiocfadh an t-am. Mhaígh sé go mbeadh sé do-dhéanta don achomharcóir cóiríocht athrach a cheannach leis an suim i gceist.

Bhreathnaigh an Cigire Leas Shóisialaigh nach mbeadh súil ag an achomharcóir brath ar a cnapshuim chun maireachtáil, agus gur dealraitheach é go mbeadh sí ag brath go trom ar a pinsean do chostais mhaireachtála laethúla.

Chuir an tOifigeach Achomhairc roimh a haturnae gur seans gur féidir cás an achomharcóra, cé gur cás neamhghnách é, a chur i gcomparáid le ceann duine a fuair morgáiste eile dá áit chónaithe agus a choimeád na fáltais i gcuntas bainc. D'argóin an t-aturnae, áfach, gur mhór an dhifríocht anseo i slí nach raibh aon rogha san ábhar ag an achomharcóir mar caithfear dliteanais a dearthár a shásamh.

Dearcadh an Oifigigh Achomharc: Mhachnaigh an tOifigeach Achomhairc gur mí-ámharach é an cás seo agus, ina taithí, uathúil de réir a chúinsí. Thug sí faoi deara nach raibh an t-achomharcóir i gcúram tí altranais, nach raibh áitreabh athrach ceannaithe aici, agus nach raibh cóiríocht athrach faoi chíos aici. Cé má raibh a mic dearthár chun cíos ainmniúil a chur uirthi, thug sí faoi deara nach gcáileodh an t-achomharcóir fós do neamhaird caipitiúil, mar lean sí ag maireachtáil sa bhaile a dhíol sí. In ainneoin an chaoi gur bhrúdh na cúinsí ag iarraidh díolacháin a baile uirthi, bhreathnaigh an tOifigeach Achomhairc go raibh an t-achomharcóir sa suíomh chéanna le duine a réadaigh caipiteal trí mhorgáiste eile a fháil cé go raibh cnámhscéal mar seo mí-dhealraitheach i gcás duine in aois phinsin. Cé gur mhachnaigh sí gur fhulaing an t-achomharcóir de dheasca na cúinsí inar fuair sí í féin, fuair an tOifigeach Achomhairc nár sholáthair reachtaíocht mar atá sí aon mheáin chun a suíomh a mhaolú. Mar sin de, shocraigh sí gur gá an caipiteal a mheasúnú go hiomlán.

Toradh: Achomharc neamhcheadaithe.

Pinsean Seanaoise (Ranníocach) (AE Pro-Rata)

Ceist faoi chaibidil: Cé acu a rinneadh an ráta ceart a dhámhachtain i bhfianaise dearbhú an achomharcóra go raibh sí i bhfostaíocht nach raibh aon ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh tuairiscithe di.

Cúlra: Faoi Rialacháin ceaptha chun na cearta slándála sóisialta a chosaint dóibh siúd ag gluaiseacht laistigh den Aontas Eorpach agus den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach, tá forálacha ann chun cearta tugtha faoi reachtaíocht na mBallstát AE a chomhordú. Ceadaíonn na forálacha seo do thréimhsí árachais a chomhbhailiú chun ligean do dhaoine aonair an ceart do bhuntáistí áirithe a fháil. Sa chás seo, bhí Pinsean Seanaoise pro-rata tugtha don achomharcóir in Éirinn, arna ríomh faoi réir na bhforálacha seo. Bhí Pinsean Scoir pro-rata á fháil aici ón Riocht Aontaithe, arna ríomh ar bhonn dá samhail. Mhaígh sí go raibh tréimhsí breise inar oibrigh sí in Éire, i leith de raibh sí i dteideal do ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh. Thagair a hachomharc chomh maith do ghnéithe dá héileamh a ndéileáil údaráis RA leo.

Tagraíodh cás na hachomharcóra le haghaidh aire na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a cheadaíodh ocht ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh breise le haghaidh dá thréimhse i 1953 agus seach ranníocaíocht déag le haghaidh na bliana ranníocaíochta 1956/57. Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara nár tógadh aon chaingean maidir leis an taifead árachais shóisialaigh leasaithe agus shocraigh sé an comhad a thagairt don Oifigeach Cinnidh d'athbhreithniú práinneach. D'athbhreithnigh an tOifigeach Cinnidh a chinneadh níos luaithe agus rinne sé pinsean do ráta méadaithe a dhámhachtain réamhdhátaithe chuig a breithlá d'aois 66.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastail an t-achomharcóir, in éineacht lena fear chéile. D'fhreastail an tOifigeach Cinnidh ar iarratas an Oifigigh Achomhairc.

D'imlínigh an tOifigeach Achomhairc an cheist faoi chaibidil agus chinntigh an t-achomharcóir go bhfuair sí eolas anois don chinneadh chun pinsean do ráta méadaithe a dhámhachtain bunaithe ar a ranníocaíochtaí breis Éireannacha.

Thagair an dara fhoras achomhairc an achomharcóra d'uimhir Árachais Náisiúnta eile (RA) a lorgaíodh. Mhol an tOifigeach Achomhairc di go scrúdófar an cheist seo san RA agus go ndéanfar athbhreithniú ar a héileamh, i gcás ranníocaíochtaí/creidmheasanna árachais shóisialaigh breise ag teacht chun fóir.

Thagair an t-achomharcóir chomh maith d'íocaíocht riaráistí a pinsean pro-rata Éireannach AE díreach do na húdaráis RA agus conas nár íocadh di iad. Mhaígh sí cé gur raibh sí ag fáil roinnt tacaíochta ioncaim le chois a pinsin pro-rata RA, bhí méid riaráistí pinsin sa bhreis ar an tacaíocht ioncaim a fuair sí. Mhínigh an tOifigeach Achomhairc an suíomh maidir le hInstitiúidí Inniúla faoi reachtaíocht CE agus an riachtanas go ndéantar éilimh thosaigh do shochar agus phinsean i dtír chónaithe – de réir riachtanais Rialacháin AE 1408/71 (Airteagal 46). Thagair sé freisin do na forálacha reachtaíochta maidir le sochair dul isteach ar a chéile, lena n-áirítear na riachtanais chun riaráistí íocaíochta a sheoladh chuig an Institiúid Inniúil sa stát AE iomchuí. Mhol sé, dar lena léiriú, nach bhféadfadh ach an méid tacaíochta ioncaim íoctha a chúiteamh le cóimheá na riaráistí á íoc don duine aonair i gceist. D'inis sé don

achomharcóir go dtagródh sé don ábhar ina thuairisc agus thug an tOifigeach Cinnidh faoi an cheist a ardú leis na húdaráis RA.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Thug an tOifigeach Achomhairc faoi deara go raibh an t-achomharcóir, sa chás seo sásta gur chuaigh, na ranníocaíochtaí breise ceadaithe ina tréimhsí fostaíochta sa tír seo, chuig chinneadh athbhreithnithe, ag méadú ráta pinsin pro-rata Éireannach AE iníoctha. Thug sé faoi deara freisin go raibh sí sásta gur thagraíodh ceisteanna maidir lena huimhir Árachais Náisiúnta RA agus an íocaíocht de riaráistí pinsin pro-rata Éireannach chuig na húdaráis RA. Shocraigh sé gur éirigh, in éifeacht, leis an achomharc.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora,

Ceist faoi chaibidil: Measúnú aisbhreathnaitheach de mhaoine a thagann ó thuilleamh le ró-íocaíocht iarmhartach de tuairim is €18,500.

Cúlra: Scrúdaíodh teideal an achomharcóra d'Íocaíocht Theaghlaigh Aontuismitheora i rith tionscadail speisialta tugtha faoi ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, ina raibh athbhreithniú déanta ar shonraí tuillimh. I Márta 2004, rinne Oifigeach Cinnidh athbhreithniú ar chinneadh níos luaithe agus shonraigh sí gur cháiligh sí d'íocaíocht ráta idirthréimhse (leath) do bhliain amháin, suas go Bealtaine 2003, agus níor cháiligh sí d'aon íocaíocht le héifeacht ón data sin go dtí dáta i nDeireadh Fómhair 2003. Measadh a tuilleamh a bheith sa bhreis ar an dteorainn reachtúil de €293 in aghaidh na seachtaine don tréimhse i gceist agus mar thoradh ar seo, measadh ró-íocaíocht de tuairim is €18,500.

Éisteacht Bhéil: D'fhreastail an t-achomharcóir, in éineacht lena máthair. D'fhreastail an tOifigeach Cinnidh ar iarratas an Oifigigh Achomhairc.

Léirigh an tOifigeach Cinnidh cúlra an cháis, á shonrú gur éiligh an t-achomharcóir Liúntas Aontuismitheora i 1996. Bhí sí ag obair ag an am, le tuilleamh de £100 in aghaidh na seachtaine. Nuair a tháinig an Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora isteach, aistríodh í chuig an íocaíocht sin. Ag an am sin, bhí a tuilleamh méadaithe go €180 in aghaidh na seachtaine. Dhearbhaigh sé go mbeadh comhairle tugtha don achomharcóir, i gcomhfhreagras ag an am sin, don ghá a chur in iúl don Roinn aon athrú ina chuid maoine nó ina chúinsí. Chuir sé in iúl go raibh ráiteas dá leithéid seo cloíte ar an leabhar ord-iníoctha chomh maith. Dúirt sé nach raibh aon taifead ar chomhad d'aon fhógra ón achomharcóir ó Eanáir 1997. D'argóin sé go raibh an dualgas ar an duine aonair an Roinn a chur ar an eolas faoi aon athrú ina chúinsí nó ina chuid mhaoine agus dúirt se gur theip ar an achomharcóir é seo a dhéanamh.

D'admhaigh an t-achomharcóir gur shínigh sí leabhar ord-iníoctha gach seachtain ach dúirt sí nár léigh sí é. Ghlac sí gur cheart di é seo a dhéanamh. Dúirt sí gur íoc sí cáin as an íocaíochta a fuair sí agus mheas sí go raibh cead isteach ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh dá sonraí tuillimh agus go raibh a teideal á sheiceáil acu gach am a d'eisigh said leabhar íocaíochta nua di. Thagair sí ar an gcaoi a rinne an Bord Sláinte athbhreithniú ar a teideal do chárta leighis agus gur rinne siad é a tharraingt siar uaithi. Dúirt sí nach bhféadfadh sí a thuiscint conas gur cheadaigh an Roinn ró-íocaíocht a mhéadú chuig méid mar seo agus d'argóin sí gur chóir déileáil leis níos luaithe.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Mhachnaigh an tOifigeach Achomhairc gur cinneadh an-dáiríre é cinneadh a thig as ró-íocaíocht substaintiúil a bheith measúnaithe in aghaidh cliaint. D'ainneoin an dualgas ar an duine aonair chun fógra a thabhairt don Roinn, mhachnaigh sé go bhfuil dualgas ar an Roinn freisin, chun a dheimhniú go n-oibríonn sí go tapaigh agus go bhfuil a cinneadh ceart i ngach gné. Sa chás seo, thug sé faoi deara go raibh se glactha, ag déanamh cinneadh athbhreithnithe faoi Alt 249 (b) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, nach raibh aon chalaois i gceist. Rinneadh an cinneadh, maidir le teideal, déanta le tagairt do Alt 158 den Acht, ar fhorais gur ba mhó tuilleamh an achomharcóra €293 do gach seachtain sa thréimhse i gceist. Thug sé faoi deara, áfach, gur dealraigh sé nár rinne an tOifigeach Cinnidh ach na tuilleamh bliantúla a roinnt faoi 52, ag tógáil an uimhir sin mar thuilleamh do gach seachtain. Chuir an tOifigeach Achomhairc in iúl nach raibh eolas aige ar aon fhoráil sa reachtaíocht a cheadaíodh meastachán mar seo. Thug sé faoi deara gur fuarthas sonraí faoi thuilleamh seachtainiúil tuairim is 8 mí tar éis don chéad chinneadh a bheith déanta, ag sonrú glactha nach raibh tagairt do mheastachán sa reachtaíocht. Ní raibh sé sásta go raibh sé fónta go reachtúil, fáil sonraí tuillimh ag dáta níos déanaí agus go bunúsach, á chur i bhfeidhm go cúlghabhálach.

Mhachnaigh an tOifigeach Achomhairc go mbeadh sé críonna don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, na cásanna seo ina raibh rátaí laghdaithe de Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora á dhámhachtain mar gheall ar thuilleamh ó fhostaíocht, a choimeád faoi athbhreithniú. B'fhéidir dá bharr sin go mbeidh cinnidh tógtha ag dáta níos luaithe agus go mbeadh laghdú i líon na gcásanna ina mbeidh ró-íocaíochtaí substaintiúla tagtha chun cinn sna blianta níos déanaí. Ó líon agus chineál na gcásanna a thig as, mhachnaigh sé go raibh gá d'athbhreithniú ar ghnáthaimh lena dheimhniú go raibh eolas ag cliaint ar cad agus cathain gur chóir fógra a thabhairt don Roinn. Thug sé faoi deara go raibh an Roinn ag gluaiseacht sa treo sin le clódóireacht na teorann tuillimh (€293) sna leabhair íocaíochta, eisithe le héifeacht ó Aibreáin 2004.

Maidir le cúinsí uile an cháis, mhachnaigh an tOifigeach Achomhairc go mbeadh sé míchuí an ró-íocaíocht a chaomhnú. Le linn ceadú cinnidh an Oifigigh Chinnidh a sheasamh, shonraigh sé gur chóir go rachadh sé i bhfeidhm ó dháta i nDeireadh Fómhair 2003, agus mar sin de, nach n-éireodh aon ró-íocaíocht as.

Toradh: Sheas an cinneadh ach níor mheasadh ró-íocaíocht a theacht suas.

Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora (Coinníoll Ghnáth-Chonaí)

Ceist faoi chaibidil: Cé acu gur féidir an t-achomharcóir a mheas le sásamh an Coinníoll Ghnáth-Chónaí chun críocha a héileamh Íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora.

Cúlra: Le héifeacht ó 1 Bealtaine 2004, tá ar dhuine atá cúnamh sóisialta nó íocaíocht sochair linbh á éileamh acu a bheith ' i ngnáth-cónaí' sa Stát. Tá treoirlínte ar an gCoinníoll Ghnáth-Chónaí arna fhoilsiú ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, ag tagairt do na tosca seo aitheanta mar iomchuí ag an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach ag sonrú cé acu gur féidir duine a mheas a bheith 'i ngnáth-cónaí'. Go hachomair, tagraíonn iad seo chuig fad, leanúnachas agus nádúr ginearálta fíor chónaithe sa Stát. Sa chás seo, diúltaíodh éileamh an achomharcóra ar fhorais nach raibh sí i ngnáth-chónaí sa tír seo. Is ó thír san Afraic Theas ó dhúchas í, aon bhliain is fiche d'aois agus í singil. Tá mac aici a rugadh in Éirinn i 2004 agus iníon, trí bliana d'aois, fós ina cónaí ina tír bhreithe.

Éisteacht Bhéil: Tháinig an t-achomharcóir gan tionlacan. Shonraigh sí go raibh a tuismitheoirí colscartha óna chéile roinnt bhliana níos luaithe, tá said araon tar éis athphósadh, agus a cónaíonn a hiníon lena máthair. Thug sí tuairisc gur tháinig a hathair agus a leasmháthair, in éineacht lena deirfiúracha agus a dearthaireacha go hÉireann níos mó ná cúig bhliana ó shin. Tá ceadúnais oibre ag a hathair agus a leasmháthair araon agus tá siad araon fostaithe. Freastalaíonn a deirfiúr agus a dearthaireacha ar an scoil áitiúil. Thug sí tuairisc gur tháinig sí go hÉireann i nDeireadh Fómhair 2002 nuair a raibh scoil críochnaithe aici. Dúirt sí nach bhféadfadh sí a hiníon a thabhairt léi ag an am sin. D'fhan sí lena muintir ar dtús agus d'oibrigh sí do naoi mhí i gcórach dhíola bia áitiúil agus do thréimhse eile le comhlacht eile áitiúil, cé nach raibh ceadúnas oibre aici.

Thug sí tuairisc gur chuir na húdaráis eisimirce dualgas uirthi dul isteach sa phróiseas tearmainn arna fuair sí amach nach féidir léi a mheas mar chleithiúnaí a tuismitheoirí a thuilleadh, nó buntáiste a stádas sa tír a úsáid. Chónaigh sí i gcóiríocht 'socrú díreach' don chúig mhí roimh ré. Bhí íocaíocht seachtainiúil de €28.70 á fhail aici faoin scéim sin agus íocadh Sochar Linbh di freisin.

Thug sí tuairisc go raibh sí tar éis iarratais a chur isteach do stádas dídeanaí níos luaithe sa bhliain ach nár cuireadh faoi agallamh í fós. Shonraigh sí go raibh ar intinn agus ar súil aici fanacht in Éirinn. Chuir sí in iúl go raibh muintir aici in Éirinn agus go raibh súil aici go bhféadfadh sí a shocrú chun a hiníon a thabhairt anseo chuici. Dúirt sí go raibh athair a mac ón dtír chéanna ach go raibh a ngaol thart.

Dearcadh an Oifigigh Achomhairc: Mhachnaigh an tOifigeach Achomhairc go raibh fianaise bhéil an achomharcóra inchreidte. Thug sé faoi deara gur chaith sí níos mó ná dhá bhliain sa tír, gur oibrigh sí anseo, go raibh a teaghlach bunaithe anseo agus go raibh a hathair agus a leasmháthair ag obair anseo. Thug sé dá aire a ráiteas dá intinn fanacht agus a dóchas d'fháil oibre. Bhí sé sásta gur shonraigh meáchan na fianaise agus cúinsí an cháis gur chóir an t-achomharcóir a mheas a bheith cónaitheach de ghnáth in Éirinn.

Toradh: Achomharc ceadaithe.

Cairt Eagraíochta na hOifige Achomhairc Leasa Shóisialaigh

ag 31 Nollaig 2004